Iris de chuid Misneach

€2 / £1.50

# MISNEACH

Uimhir 2

Bealtaine 2015




## Taibhsí na Cásca

le Aindrias Ó Cathasaigh

Tá cuid againn fós ag iarraidh ciall éicint a bhaint as an bhfíseán aisteach úd a chuir an rialtas amach mar thús lena gcomóradh ar éirí amach na Cásca. Bhí Sirs Bob agus Bono ann, bláthadóireacht Mháire agus Lizzie, lógónna ollchomhlachtaí — chuile shórt ach an t-éirí amach féin agus na daoine a throid ann.

Ach deirtear go mbíonn grásta san áit a mbíonn náire. Tuige nach mbeadh scáth ar an stát seo roimh 1916? Nach glan in aghaidh a chéile atá siad, thar éis an tsaoil?

D'fhógair poblacht 1916 go raibh smacht gan srian ar chinniúint na hÉireann ag muintir na tíre ó cheart. Tá stát Bhaile Átha Cliath ag iarraidh an smacht sin a choinneáil uathu ón lá a tháinig ann dó. *Troika* ann nó as, tá sé lánsásta an chinniúint sin a



Ar lean ar leathanach 4

Foilsithe ag Misneach in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Bealtaine 2015.

# Eagarfhocal




Seo agaibh an dara heagrán de 'Mionlach' a chairde! Bhí an-rath ar an chéad eagrán agus d'éirigh linn é a dháileadh amach ar fud na tíre. Déanfaidh muid amhlaidh leis an cheann seo tá súil againn.

Tá meascán mearaí ábhar anseo againn daoibh. Idir chúrsaí polaitiúla, nuacht, ghnaithí na Gaeltachta, fhilíocht agus scéalta. Tá taca ann san irisleabhar seo agus tá súil againn go mbeifear ag baint adhmaid as go ceann i bhfad. Déanaigí bhur mbreithiúnas féin air sin!

Chuir muid an chéad eagrán i gcló i mí Eanáir na bliana seo agus an dara heagrán anois amuigh i mí Bhealtaine. Ar ndóigh tá deacracht ann foilsiúchán rialta a chur amach ar beagán acmhainní agus díreach an obair dheonach againn. Mar sin tiocfaidh tuilleadh eagrán amach nuair a thiocfas siad amach agus sin mar a bheas sé.

Ba mhaith linn lucht léite na hirise seo a bheith lánpháirteach in achan ghné den iris. Tá fáilte mhór roimh litreacha, ailt, fhilíocht, scéalta, phictiúir, chartúin nó rud ar bith den tsórt.

Fosta, dá mba mhain le duine ar bith beart irisí a fháil uainn ar mhaithe lena ndíol ina phobal féin is féidir dul i dteagmháil linne agus bheadh muid breá sásta beart a sheoladh amach chugaibh.

Gléas atá san iris seo leis an phobal a chur ag caint, ag comhrá agus ag díospóireacht faoi na ceisteanna is mó atá ag goilliúint orainn mar phobal. Tá muid ag dréim go spreagaidh an iris seo daoine in achan chearn le dul i mbun gnímh.

Coincheap radacach fuascailteach atá i Misneach agus ba mhaith linn daoine glacadh leis agus é a chur i bhfeidhm ar dhóigh s'acú féin.

Mar sin, strócaigí libh!

Beir Bua,

An Fhoireann Eagarthóireachta.

Teagmháil:

misneachnagaillimhe@gmail.com, nó,

misneach@socs.nuiglaway.ie

**An Fhoireann**

**Eagarthóirí:** Seanán Mac Aoidh, Naoise Ó Caireallain

**Scríbhneoirí:** Aindrias Ó Cathasaigh, Darren Regan, Brandán Ó Conchúir, Naoise Ó Caireallain, Séamus Mac Seáin, Kerron Ó Luain, Máirín Mhic Lochlainn, Feargal Mac Ionnrachtaigh, Séamus Barra Ó Súilleabháin, Pádraig Ó Cíobháin, Laoighseach Ní Choistealbha, Ben Ó Ceallaigh, Ciaran Ó Meachair, Eoin P. Ó Murchú, Seán Ó Muireagáin, Diarmuid Bteathnach, Aodh Ó Corcráin, Fañch Bihan-Gallic, Pól Ó Sniadhaigh, Seanán Mac Aoidh.

## I measc ábhar an eagráin seo:

**1: "Taibhsí na Cásca"**
*le hAindrias Ó Cathasaigh*

**7: "Cogadh Uisce Éireann"**
*le Breandán Ó Conchúir*

**9: "Comharsanachtaí Gaeilge: Taithí don Todhchaí"**
*le Séamus Mac Seáin*

**17: Litreacha/Teagmhálacha**

**18: "Athneartú Phobal Gaeilge Bhrí Chualann"** *le Kerron Ó Luain*

**19: "Feachtasaíocht agus agóidíocht ríthábhachtach don daonlathas"**
*le Feargal Mac Ionnrachtaigh*

**24: Gearrscéal: "*Ó! A Bheirt Phailistíneach!*"**
*le Pádraig Ó Cíobháin*

**30: "An t-Údaras agus Roinn na Gaeltachta —in aghaidh na pleanála teanga"**
*le Ben Ó Ceallaigh*

**31: "Éirí Amach 1916— Leanann an Streachailt ar Aghaidh!"**
*le Laoighseach Ní Choistealbha*

**40: "An Ghaeilge agus an Pholaitíocht"**
*le Diarmuid Breathnach*

**42: "Síolta na Réabhlóide— Forbairt Intleachtúil agus Chultúrtha"**
*le Aodh Ó Corcráin*

**44: "Troid gan Stádas: An Bhriotáinis"**
*le Fañch Bihan-Gallic*

**45: "Droichead na bPost— droichead gan déanamh"**
*le Pól Ó Sniadhaigh*

**Agus go leor eile!**

## Misneach—Cé Muid Féin?




Grúpa i measc an phobail, ar an talamh, atá i Misneach. Ní chuireann muid fiacail ann ó thaobh na polaitíochta de. Is den eite chlé muid agus creideann muid go gcaithfear an córas caipitleach agus an t-impiriúlachas a chur de dhroim an tsaoil ar mhaithe leis an Ghaeilge, agus mionteangacha agus mionchultúir an domhain mhóir, a thabhairt slán. Anuas air sin creideann muid go dtig leis an Ghaeilge cur go mór leis an streachailt ar son chuid cearta an luchta oibre, sin le rá gur cuid thábhachtach de réabhlóid ar bith in Éirinn atá inár dteanga dhúchais. Diúltaíonn muid don bharúil gur faoin stát agus faoin aos pholaitiúil atá sé an Ghaeilge a thabhairt slán ón fhaopach. Is maith atá fhios againn go bhfuil stát an deiscirt ar nós cuma liom faoin teanga agus go bhfuil rialtas Shasana sa tuaisceart, agus na haontachtóirí, dubh glan ina héadan agus mar sin caithfidh cosmhuintir na tíre, ar ár gconlán féin, an obair a dhéanamh.

San am i láthair is sna bailte móra is mó atá muid lonnaithe ach tá sé fíor-thábhachtach go scaipfeadh coincheap Misneach agus an grúpa féin amach chuig ceantracha tuaithe agus chuig ceantracha Gaeltachta ach go háirithe. Is mithid dúinn seilbh a ghlacadh athuair ar an athbheochan teanga, ar chaomhnú na Gaeltachta, is seasamh a dhéanamh in aghaidh polasaithe atá ag cur le bánú na tuaithe. Is ón bhun aníos a chaithfeas muid seo a dhéanamh in gach cearn den tír.

Muna bhfuil tú páirteach i Misneach cheana féin, bí cinnte dul i dteagmháil linn. Tá sonraí teagmhála ar chúl na hirise seo. Ba mhaith linn daoine a fheiceáil ag glacadh seilbhe ar choincheap Misneach agus á chur i bhfeidhm i bpobal s'acu féin. Mar sin, más Gael radacach atá ionat agus má tá tú ag iarraidh athrú saoil a bhaint amach chun leasa do phobail, déan nasc le daoine eile i do chomharsanacht agus bunaigh craobh Misneach!

Ar Lean ó Leathanach 1

ghéilleadh do lucht airgid an domhain.

Lena cheart a thabhairt dó, tá an dearcadh céanna aige ar phobail eile. Tá daoine ar fud na hEorpa ag súil go n-éireoidh le muintir na Gréige an fód a sheasamh in aghaidh na



ndreamanna cumhachtacha atá ag imirt an bhochtanais orthu. Ach tá rialtas Bhaile Átha Cliath ar na naimhde is nimhní acu, agus an t-íospartach ag glacadh meon an mhaistín chuige féin.

D'fhógair poblacht 1916 go bhféachfadh sí le leas gach cuid den phobal a dhéanamh. Ach tá an éagothromaíocht de dhlúth is d'inneach an stáit seo, agus ba ea ariamh. Bíonn an chuid is mó againn ag obair ó aois go bás agus muid chomh bocht ar deireadh is a bhí ar dtús. San am céanna, tá scothaicme bheag in uachtar agus airgead seachas allas ag sileadh leo.

Tá stráicí móra de na condaetha faoin stát seo agus is ar éigean má chuimlíonn an rath eacnamaíochta leo ariamh. Is iomaí éagóir atá le fulaingt ag mná an stáit i gcónaí, iad thíos in áit na leithphighne ó thaobh maoine agus sláinte. Tá an ciníochas rianúil in aghaidh an lucht siúil ina mháchail bheo ar an tír fós.

D'fhógair poblacht 1916 go gcneasódh sí an scoilt a chothaigh rialtas na Breataine idir daoine de chúlraí éagsúla creidimh is staire. Ní hé an rud is lú a spreag an t-éirí amach, bagairt an rialtais sin an tír a chríochdheighilt agus teorainn bhuan a thógáil ar an scoilt sin. Dhearbhaigh muintir 1916 gur Éire aontaithe neamhspleách a theastaigh le cothrom a thabhairt do chaon dream.

Ach toradh díreach ar an gcríochdheighilt sin is ea stát na sé chondae fichead. Féile frithghnímh thuaidh *agus theas* a thuar Séamas Ó Conghaile dá roinnfí an tír amhlaidh, agus dhaingnigh an stát frithghníomhach ó dheas é féin chomh maith lena mhacasamhail ó thuaidh.



Arm Cathartha na hÉireann le linn an Éirí Amach

Níl uaidh anois ach corrchogar a chur i gcluas rialtas na Breataine faoin gcaoi a mba chóir dó tuaisceart na tíre a rialú.

Ar Lean

Luíonn sé le réasún, mar sin, gurb áil leis an stát sin banríon Shasana a tharraingt isteach ina chomóradh. Ba chuspóir glé soiléir don éirí amach deireadh glan a chur le ceannas rí na Breataine ar Éirinn. Mar sin, ní fhéadfaí cuimhniú ar dhuine ba neamhfheiliúnaí lena chomóradh ná an duine is deireanaí den ghinealach righin ríoga sin, duine a éilíonn seilbh ar shé chondae den tír fós.

Ní hé nach bhfuil aon bhaint ag muintir na Breataine leis an éirí amach. Is cuid dá stair siadsan chomh maith é, agus tá daoine ina measc a d'fhéadfadh léargas a thabhairt ar thionchar 1916 thall. Bheadh Elizabeth Windsor ar dheireadh na scuaine sin ar fad, áfach — dá mba nós léi seasamh i scuainí.

Ní in Ardoifig an Phosta i 1916 a tháinig an Saorstát ar an saol, ach i mbuamáil na gCeithre Cúirteanna i 1922. Ní le fuil cheannairí an éirí amach a baisteadh é, ach le fuil na bpríosúnach a chuir sé féin chun báis i gcogadh fíochmhar cathartha. Ba é gnó an stáit sin cúl a chur ar an réabhlóid, agus ar aon réabhlóid eile a thiocfadh ó shin.

Níor cheart ionadh ar bith a bheith orainn, mar sin, go bhfuil an stát ag seachaint an éirí amach. Mar a dúirt an Piarsach faoi dhream a bhí ar an gceird chéanna leo, tá siad róchríonna le eolas ceart a thabhairt dúinn agus ba thúisce a thabharfaidís gunnaí dúinn. Is ionann aithne a chur ar 1916 agus aithne a chur ar an stát fabhtach a sciob éadaí na Cásca mar fhalach a náire féin.

Mar a léiríonn an mhíshástacht leis an gcomóradh oifigiúil, ní fhanfaidh taibhsí na Cásca ina suan. Tá fonn ar dhaoine i gcónaí fáil amach faoin éirí amach, na daoine a bhí páirteach ann, céard a rinne siad roimhe agus ina dhiaidh, na smaointe a spreag iad agus na gníomhartha a rinne siad.

Ní féidir an dúil sin a shásamh gan ceisteanna faoi Éire an lae inniu a dhúiseacht, tír atá cráite fós ag fadhbanna a ghoin muintir 1916 chun gnímh agus fadhbanna eile lena gcois. Agus muid ag comóradh an éirí amach i gceart — ag foghlaim is ag múineadh, ag cur is ag cúiteamh, ag smaoiniú is ag gníomhú — beidh sprid úr dá dúiseacht as an stair againn, ceannairceacht a thabharfas faoi na himpireachtaí atá le leagan againn féin.

## Preab san Ól

*Le Darren Regan*

'Ní thiocfadh leis a bheith chomh dona sin!?'. Tá an abairt sin cluinste agam go minic, go hiondúil nuair a bhínn istigh i gcoirnéal pub in áit éicint, mé caoch, le pus orm mar mhadadh dána gur ceapadh in éis cac a dhéanamh ar an gcairpéad é. Gob fliuch agus cloigeann marbh. Ní raibh ariamh aon fhadhb go mór agam leis, ach airímse i gcónaí é ag oibriú a chuid asarlaíochta ormsa, ag déanamh 'fear craice' dhíomsa le haghaidh scaitheamh agus ansin; an titim. An brón. An ghráin. Gach uile rud eile a

Ar lean

bhaineann leis an 'uisce coisricthe' sin.

Is sinne ceann den bheagán sluaite a dhéanann buaidh as andúil ár lae saoire náisiúnta ar an 17 de mhí Mhárta. Ní hamháin nach n-aithníonn muid go fuarchúiseach ár gcaidreamh amscaí leis an stuif agus na dreamannaí a dhéanann é, ach déantar pointe tarraingteach turasóireachta dhe chomh maith. Tagann daoine go dtí an tír seo le haghaidh NA CRAICE. Mhothóidh tú 'ara nach bhfuil muide uilig *sound* a mhac?! *Sure* nach iontach an chraic an dtuigeann tú? Cupla piontaí agus beidh ard-chraic go deo againn!' Is ionann na hÉireannaigh agus a gcuid craic agus is ionann an chraic agus an t-ól.

Ach cén t-ábhar agus cén chaoi gur thoisigh muid ag tógáil an branda seo orainn féin agus gur chloígh muid leis? Tugadh alcólaithe orainn ag muintir Shasana agus Meiriceá nuair a bhíodh muid ag dul thar sáile ar thóir oibre, d'fhéadfaí a rá gur uaidh sin a fuair muid an masladh i dtoiseach, b'fhéidir. Scríobh Briain Ó Nualláin '**bíodh i gcuimhneamh ort go raibh mé fhéin i mo Ghael chomh maith, tráth. Ach inniú tá mé cneasta. Ní Éireannach a thuilleadh mé. Níl ionam ach pearsa. Leigheas mé mé fhéin in éis na blianta ag fulaingt.**' An é seo an rud atá taobh thiar dhúinn agus an chraic? An airíonn muid nach leor muid fhéin, go gcaithfidh muid a bheith ólta chun 'craic' a bheith againn? Feictear dhomhsa nach bhfuil aon dath den chraic atá againn nach bhfuil daite faoin margaíocht sin anois. Cuir faisnéis ar eachtrannaigh go bhfuil beagán eolais acu ar oileáin bheag bháite s'againn féin agus abróidh céatadán fíormhaith dhaofa sin 'Guinness!' nó *'Drinking!'.* Ní 'Gaeilge!' nó 'An Táin!' nó 'Marty Whelan!' (Is maith liom Marty). Tá sé de cháil againn a bheith dallta, caochta,



ólta mar dhaoine. An bhfuil sé tuillte?

Ar bhealach eicínt táim ag cuimhneamh go bhfuil áibhéil déanta den rud ag na meáin ar an ábhar seo. Is maith leofa a bheith ag scríobh ceannlínte móra a chuirfidh faitíos orainn .i. na daoine a cheanaíonn iad, mar go bhfadaíonn sé tinidh shainte na ceannaíochta, b'fhearr linn drochscéal is cosúil, nuair a thagann sé chomh fada le nuachtáin ar mhodh ar bith. Agus, ar ndóighe, má dhearcann tú ar ár gcomharsanaí san oileán thall, tá fadhbannaí go leor acu mar a bhíonn againn féin agus is tír go bhfuil a croí (agus a dlí) curtha isteach sa bheoir í an Ghearmáin.

Níl muid in ár n-aonar ag cur preab san ól. Ach sé an rud is suaite faoin rud ná go síltear gur ionann muid is ár mblas don ól. Agus glacann muid leis go spraoiúil. D'fhéach Guinness fiú, le lá dá gcuid fhéin '*Arthurs Day*' a chruthú, ar fhaitíos nach mbeadh muid ag ól ár sáith cheana féin. Níl mé in aghaidh an óil, is maith liom é in amannaí. Ach táim in aghaidh muid a bheith déanta amach mar rud ní níos lú ná

## Cogadh uisce Éireann

*Le Breandán Ó Conchúir*




Tá sé rí-shoiléir gur cath é seo in aghaidh táillí uisce ach tá muintir na hÉireann ag seasamh an fhóid in aghaidh an nua-liobrálachais ag an am ceánna. Tá muintir na hÉireann ag troid ar son a gcearta daonna , ag cinntiú nach dtéann Uisce sa treo céanna leis an ESB agus leis an bhruscar agus gach seirbhís phoiblí eile a d'iompaigh ar an bpríobháideachas.

I ngach cearn den domhan tá grúpaí cosúil le 'right2water' i mbun agóide le cosmhuintir na tíre in aghaidh an diabhal rialtas atá faoi thionchar na gcomhlachtaí móra a bhfuil níos mó suime acu sa bhrabús príobháideach ná i gcearta daona.

Is léir nach bhfuil an rialtas ag obair ar son na ndaoine, bunadh na tíre seo, mar sin de caithfidh muid an cheist a chuir, cé a bhfuil siad ag obair ar a son?

Ina theannta sin, níor tháinig aon fheabhas ar chúrsaí uisce fós. Ar an chéad dul síos, cailltear an cheathrú cuid den uisce trí scoilteanna sna píopaí. A mhac go deo, tá daoine ag íoc níos mó anois agus tá na comhlachtaí ag méadú ar a mbrabús chuile bhliain. Tá níos mó tábhachta leis na bodaigh mhóra ná leis an lucht oibre.

Deir an rialtas nach faoi phríobháidiú atá sé seo, ach faoi 'chaomhnú'. Dúirt Uisce Éireann nach mbeidh siad in ann an córas uisce a dheisiú go ceann 25 bliain, 25 BLIAIN agus d'admhaigh siad sin! Meastar gur tugadh suas le 500 milliún do Uisce Éireann chun iad féin a eagrú. Anois, níl mórán eolais agam ar chúrsaí uisce na hÉireann ach táim cinnte go dtiocfadh leo an córas sin a dheisiú leis an airgead sin.

Is cuid den déine atá sna táillí uisce. Ar fud na hEorpa bíonn comhlachtaí ar aon bhuile le 'Uisce Éireann' ag cur coisc ar sheirbhísí uisce nuair nach mbíonn siad in ann é a íoc. Agus anois tá an bodach mór Enda Kenny ag rá go mbainfidh sé an t-airgead ón dól agus ó phá na cosmhuintire. A leithéid de phlean! I bhfaiteadh na súl, tá an rialtas i ndiaidh dallamullóg a chur orainn!

Chun scéal fada a dhéanamh gairid agus scéal gearr a dhéanamh go maith, níl sé ceart nó cóir do chomhlacht mór brabús a dhéanamh ar rud atá againn de cheart . Tá muid ag troid agus beidh muid ag troid go dtí an dé deiridh, tá muintir na hÉireann tinn tuirseach den rialtas ag brú an bhochtannaos agus nua-liobrálachais suas ár dtóin. Tá sé thar am dúinn seasamh ar son ár gcearta. AR AGHAIDH LINN!

# Cuartú 's ag cartadh (Skipeáil ) *le Naoise Ó Caireallláin*



Tá seans mhaith ann go bhfuil tú in amhras faoi seo, bosca bruscar? Ráiméis? Níl mise ag dul in aice le sin a chluinim thú a rá! Sin an rud a cheap mise tráth den tsaol, ach a mhalairt a bhí ann. An bhfeiceann tú an pictiúr sin thall, ní mar sin atá sé ach is pictiúr deas é.

Bíonn bia iontach snasta blasta ar fáil, is iomaí uair a d'aimsigh muid *liamhas mór galánta, nó neart bagúin, nó ispiní, nó twixes, roicéad, cál, prataí, plúr....chuile rud beo*

Mar a deir an seanfhocal, ' Is fearr bia ón bhruscar ná bia ón ollmhargadh' nó rud éigin mar sin.

Thíos, tá cúpla píosa comhairle uainn anseo i Misneach.

Bíonn na rudaí seo úsáideach, **solas agus mála agus duine le boladh na sróine.**

- **Aimsigh ollmhargadh nó bialann nó siopa aitiúl nó banc má tá an t-ádh leat, déan cinnt go bhfuil sé druidte, aimsigh na boscaí bruscar agus bí ag curatú'**
- **Déan seic sna boscaí bruscar ar fad, bíonn siad measartha glan ach bí cúramach d'aon rud atá oscailte.**
- **Déan iarracht fanacht ar shiúl ón éineoil, ach stróc leat le gach rud eile. Bíonn an bagún blasta.**
- **Bígí ag cartú na hearraí ach na bí i do shantachán, fág roinnt bia ag na daoine eile, ní caipitlithe santacha muid!**
- **Bí airdeallach ar na fir slándála, an corr uair bíonn siad thart, cé nach dtarlódh aon rud, bíonn sé thar a bheith amscaí nuair a bhuaileann tú leo.**
- **Ullmhaigh an bia comh luath is a féidir leat nó cuir sa reoiteoir é agus eagraigh féasta mór le do chuid chairde Gael!**
- **Ní bhíonn móran glasraí le fáil go minic, mar sin beidh oraibh iad a fhás nó a cheannacht. Cuimhnígí, caithfidh muid bheith folláin don lá a dtiocfaidh an réabhlóid!**



# "Comharsanachtaí Gaeilge : Taithí don Todhchaí"

**Le Séamus Mac Seáin**



Séamus Mac Seáin ag tabhairt cainte uaidh.

Caoga bliain ó shin bhí cara liom a d'fhág Béal Feirste le dul a chónaí i nGaeltacht Dhún na nGall lena bhean agus lena pháistí. Ní raibh siad i bhfad ann gur bhuail siad le lánúin de chuid na háite a chuir sonrú sa Ghaeilge a bhí ag na páistí. "Caidé mar atá Gaeilge ag na páistí" ar siad "ó labhair muid Gaeilge leo agus iad sa bhaile i mBéal Feirste", " tá sin go hiontach " arsa lanúin na Gaeltachta, "Thug muid féin iarraidh ár gcuidse a thógáil le Béarla abhus ach theip orainn".

Léiríonn an scéal beag sin is dóigh liom an tabhacht atá le comhluadar, cuideachta agus tacaíocht phobail i gcaomhnú teanga. Dá mó é an comhluadar teanga is amhlaidh is láidre í an chuideachta agus an cumas caomhnaithe teanga ann. Bhí an lanúin Ghaeltachta sin ag rá gur theip orthu á dteaghlach a thógáil le Béarla, ní de bharr easpa tacaíochta ón stát ná gan Acht teanga a bheith ann nó gan Ghaeilge a bheith ag státséirbhisigh ach go raibh an comhluadar teanga thart orthu chomh láidir sin nach dtiocfadh troid ina choinne, go dtí sa deireadh gur thóg teanga an phobail seilbh ar theanga an tí. An dtiocfaidh an t-am achoíche go mbeadh sé sin amhlaidh in áiteanna taobh amuigh den Ghaeltacht? An féidir pobal a chruthú taobh amuigh den Ghaeltacht a mbeadh an teanga chomh láidir sin ann go mba dheacair í a sheachaint? Níl a fhios agam ach is cinnte gur sin cuspóir na gcomharsanachtaí Gaeilge a chruthaigh muid féin 50 bliain ó shin. San alt bheag seo bhéarfaidh mé iarraidh a mhíniú daoibh caidé mar a chuaigh muid
féin ina cheann, ar dtús cúpla sliocht beag le cruthú nach rud nua é smaoineamh seo na gComarsanachtaí Gaeilge.

'Ní bheidh aon rath go deo ar fhoghlaim na Gaeilge go dtí go mbíonn sí á labhairt go nádúrtha i dtimpeall an fhoghlaimeora, mura bhfeiceann said agus mura gcloiseann said an teanga á labhairt ag a leithéidí féin ní thaobhóidh said léi go deo'

Agus arís,

" D'Ainneoin a bhfuil de fhoirgníocht nua déanta ar fud na hÉireann, níl i mBaile mór amháin sráid, céide, corrán, ascaill ná scéim tithe féin atá Gaelach nó leath-Ghaelach féin"

Faoin am a dúirt Máirtín Ó Cadhain na focail sin thuas i 1952 bhí craobh de Chonradh na Gaeilge i mBéal Feirste ar tí polasaí lán Gaeilge a chur i bhfeidhm sa Chraobh. Cumann

Ar Lean

Chluain Ard a bhí i gceist agus chuir said cosc ar an Bhéarla go h-iomlán i gcuid ar bith de imeachtaí an Chumainn, gan fiú sna ranganna Gaeilge a bhí go flúirseach acu ní raibh cead Béarla a úsáid.

D'éirigh an mhuintir óg a bhí sa chraoibh cleachtaithe le cuideachta a choinneáil le chéile i nGaeilge agus de réir a chéile bhí go leor lánúineacha ann arbh í an Ghaeilge an teanga chaidrimh a bhí acu a chuidigh go mór leis an dúshráith a leagan síos do Ghaeltacht Bhóthar Seoighe.




An Ghaeilge chun cinn i mBéal Feirste

Bhí daoine i gcónai i mBéal Feirste a thóg teaghlach le Gaeilge ag dul siar go dtí bunú Chonradh na Gaeilge sa chathair in 1895 ach is troid a bhí ann an teanga a choinneáilt chun tosaigh agus iad timpeallaithe ag an Bhéarla ar gach taobh. Ba aonaráin iad ar bhealach ó thaobh cúrsaí teanga de agus ghlac sé díograis ar leith lena dhéanamh. Ní mhaireann teanga ar bith ar dhíograis amháin ceapaim, agus ar bhealach tá sé mí nadúrtha a bheith go síoraí ag smaoineamh ar an teanga a labhairtear sa teach, ach mura smaoiníonn tógfaidh teanga na comharsanachta seilbh ar theanga an tí mar a tharla i gcás na lanúine Gaeltachta atá luaite agam. Tá aithne agam ar dhaoine nár labhair ach Gaeilge lena bpáistí ariamh ach nár labhair na páistí Gaeilge leo, cé gur thuig said gach focal dar dúradh leo. Ba de gheall ar an fhadhb sin a sheachaint a tháinig an grúpa de lanúineacha óga le chéile i mBéal Feirste i 1961 le comharsánacht Ghaeilge a bhunú. Ba dhaoine iad uilig a d'fhoghlaim an Ghaeilge ag Cumann Chluain Ard sa chathair agus a raibh sé ar intinn acu teaghlach a thógáil le Gaeilge nuair a thiocfadh ann dóibh. Theastaigh uathu cruinniú le chéile in aon láthair amháin sa chathair le go mbeadh an Ghaeilge ag á gcomharsa agus go gcluinfeadh na páistí an teanga á labhairt ag a macasamhail féin i dtimpeallacht nadúrtha. Tá sin simplí go leor mar chuspóir agus ní ghlacann sé samhlaíocht ró-mhór a bheith ag duine lena thuigbheáil.

Dar leat mar sin gur bunú comharsanachtaí Gaeilge an rud is túisce a thiocfadh chun cuimhne chuig dream ar bith a bhí ag smaoíneamh ar theanga a athbheochan taobh amuigh den Ghaeltacht, má bhí said le troid i gcoinne tonn rabharta an Bhéarla atá ár mbualadh gach lá sa tseachtain. Ní sin an rud a tharla ar ndóigh agus níor mhiste fios a bheith againn cad chuige. Le céad bliain agus breis anuas rinneadh iarracht an teanga a láidriú taobh istigh

Ar Lean

agus taobh amuigh den Ghaeltacht. Ba iarrachtaí stáit a bhí i gcuid mhór acu sin ach san am chéanna níor tugadh faoi chomharsanachtaí Gaeilge a bhunú ach go hannamh. Shílfeá ó thaobh bholscaireacht na hathbheochana féin de gur ghá a chruthú don phobal go dtiocfadh an teanga a dhéanamh beo arís, ní amhain sa chóras oideachais agus in institiúidí de chuid an stáit ach mar chuid orgánach de shaol an phobail féin, pobal a bhí ar an mhór-chuid i bhfáthach leis an teanga ach a bhí in amhras go mór go dtiocfadh í a athbheochain áit ar bith mar an chéad chéim i dtreo a h-athghabhála mar theanga náisiúnta. Níobh ea nach raibh daoine ann a thuig an rud nó go gearr i ndiaidh bhunú an stáit ó dheas i 1922 thug rialtas Chumann na nGael a mbeannacht do bhunú "Páirc na Gaeltachta" i dtuaisceart Bhaile Átha Cliath agus cé nár éirigh leis an scéim sin chruthaigh sé gur thuig daoine an coincheap. Arbh é teip an tionscnaimh áirithe sin a rinne Gluaiseacht na Gaeilge faicheallach faoina leithéid a thriall arís? Cá bhfios? Ach níor cailleadh suim go hiomlán sa smaoineamh faoi Chomharsanachtaí Gaeilge a bhunú nó nuair a foilsíodh "tuarascáil an choimisiúin um athbheochan na Gaeilge" i 1963 mhol siadsan rud ar thug siad "Pobal- Aonaid Ghaeilge"air a bhunú fríd an tír ach go díreach cosúil le straitéis fiche bliain don Ghaeilge inniu níor cuireadh na moltaí i bhfeidhm ariamh agus tá na moltaí fiúntacha a rinneadh an t-am sin ina luí áit éigin in oifigí rialtais ag cruinniú dusta. Scéal ár mbeatha go síoraí de réir cosúlachta. Ar scor ar bith roimhe sin i 1936 rinneadh iarracht rud éigin a dhéanamh le lonnaíocht a bhunú nuair a haistríodh cúpla chéad duine aniar as Gaeltachtaí Iarthair na tíre go dtí Rath Cairn agus go Baile Ghib i gcontae na Mí le ceantair Ghaeltachta a dhéanamh ansin. Is cainteoirí dúchais Gaelige a bhog go Co. na Mí ar ndóigh agus is aistriú pobal Gaeilge ó áit amháin go háit eile a bhí i gceist agus ní Gaeltacht Uirbeach úr mar a bhí i gceist againne i mBéal Feirste agus ag na daoine a bhunaigh Gaeltacht Ard Barra i gCorcaigh i dtrátha an ama chéanna linn féin agus agaibh féin chomh maith sa lá atá inniu ann.




Bhí baint ag Máirtín Ó Cadhain le bunú Rath Cairn sna tríochaidí ach is léir gur ag caint ar chomharsanachtaí uirbeacha Gaeilge a bhí sé nuair a dúirt sé,
"Caithfidh muid baile mór a bhunú muid féin agus ná bí ag ceapadh go mba ní dodhéanta é. níorbh ea. Níor ghá ach áit fheiliúnach a thoghadh, sórt cumann foirgníocht a bhunú, na

Ar Lean

tithe a thógáil agus busanna a bheith ann le daoine a thabhairt isteach is amach chuig a gcuid oibre. Teastaíonn baile mór ó lucht na Gaeilge: bunaídís féin é".

Thuig Ó Cadhain is dóigh liom mura dtosódh an teanga a neadú in áiteanna eile sa tír gur dócha nach dtiocfadh leis an Ghaeltacht thraidisiúnta déileáil leis an tsíor-chreimeadh a bhí ag dul ar aghaidh leis na céadtaí bliain gan dul faoi go hiomlán ar ball. Ba fhear Gaeltachta go smior é Máirtín Ó Cadhain ach thuig sé san am chéanna gur mar theanga Náisiúnta a chaithfí í a chaomhnú agus sin an fáth a raibh sé ag caint ar chomharsanachtaí a bhunú in áiteanna eile. Comhartha fáis in áit feo agus dóchas in áit éadóchais.

Aon uair amháin a rinne muid féin amach i mBéal Feirste gur mhaith linn comharsanacht nua Ghaeilge a bhunú, **ba rudaí praicticiúla a bhí ag cur as dúinn i ndiaidh sin agus bhí deireadh leis an teoiricíocht, rud a bhfuil faoiseamh ag baint leis i gcónaí - gníomh seachas caint- nó ba é "ná habair é - déan é " an mana a bhí againn**. Bhunaigh muid comharchumann agus chuir muid ciste beag le chéile le daoine a cheangal leis an smaoineamh ar dhóigh fhoirmiúil nó go dtí sin ní raibh ann ach caint. Ba é an chéad rud a bhí le socrú againn ná líon na dtithe a thógfaimis le gurbh fhiú pobal a thabhairt air. Rinne muid amach go dtógfadh sé fiche teach ar a laghad le comhluadar ceart a dhéanamh ach san am chéanna a bheadh beag go leor le go dtiocfadh le daoine bochta cosúil linn féin a thabhairt chun críche. D'iarr muid ar Ailtire Gaelach i mBéal Feirste, Seán Mac Goill, plean a dhearadh dúinn do na tithe mar aon le halla pobail a raibh muid ag dúil le scoil a dhéanamh as ar ball. Rinne an tAiltire amach gur fá thuairim dhá acra a bheadh de dhíth orainn don scéim. Ar dtús báire shíl muid go dtiocfadh linn tógálaí a aimsiú a bheadh sásta fiche teach in aice le chéile a choinneáil ar leath taobh fá n-ár gcoinne in eastát tithe a raibh sé ar intinn aige a thógáil ach go bhfuair muid amach go mbeadh na socraithe ina chomhar sin ró chasta le h-oibriú. Mar sin chuartaigh muid thart féachaint le cúpla acra a aimsiú dúinn féin agus tabhairt faoin obair muid féin gan chonraitheoir.

Tharlaigh sé ag an am chéanna go raibh Cumann Lúth-Chleas Gael i mBéal Feirste ag díol 12 acra de thalamh a bhí acu ag Bóthar Seoighe ar imeall na cathrach, atá fá thuairim trí mhíle ón lár, a bhí iontach fóirstineach don rud a bhí ar intinn againn. Bhí CLG ag iarraidh an talamh a dhíol ina léadhb mhór amháin ach ní raibh sé ar ár n-acmhainn 12 acra a cheannacht agus d'iarr muid ar bheirt iar-Uachtarán de cuid an CLG, Ailf Ó Muirí agus Pádraig Mac Con Midhe labhairt ar ár son féachaint an mbainfeadh siad dhá acra as an díolachán agus iad a dhíol linne. Thoiligh siad sin a dhéanamh ar iarratas na n-iar-Uachtarán. Bhí sin simplí go leor dar leat ach go fírinneach bhain sé ceithre bliana asainn a theacht chomh fada sin agus bhí go leor lanúineacha a tháinig agus a d'imigh le linn an ama sin de bharr nach raibh rudaí ag bogadh sciobtha go leor ach bhí baicle beag i gcónaí a d'fhán leis an aisling i rith an ama. Bhí suíomh geallta dúinn fá dheireadh ach ní raibh airgead ar bith againn leis an talamh a cheannacht agus cuimhnigh gur ghnáth oibrithe a bhí ionainn gan phingin ar thús nó ar dheireadh againn gan a bheith ag caint ar an £10,000 a bhí

Ar Lean

CLG ag iarraidh ar an talamh.Ba ansin a fuair muid amach chomh tábhachtach agus a bhí caidreamh idir Gaeil nuair a bhí rud éigin tábhachtach le cur i gcrích agus go fírinneach nach dtuigeann muid go minic an cuidiú agus an saineolas atá inár measc féin mar dhream ach muid cur le chéile. D'iarr muid iasacht airgid ar Chomhaltas Uladh de Chonradh na Gaeilge agus ainneoin nach mbímis i gcónaí ar aon intinn le chéile fá ghnaithe Ghluaiseacht na Gaeilge thuig siad an rud a bhí muid ag iarraidh a dhéanamh agus thoiligh siad an iasacht a thabhairt ach muid barántas pearsanta a thabhairt go ndéanaimis é a aisíoc, rud a thug muid. Is maith liom a rá go ndearna muid an iasacht sin a aisíoc ina iomlán le himeacht ama. Dar ndóigh bhí caidreamh Gael tábhachtach againn ó thús nó bhí Ailtire againn Seán Mac Goill go mba Ghael díleas é agus Dlíodóir chomh maith i Séamus De Napier go ndéana Dia a mhaith air a bhí chomh dílis céanna agus a bhí sásta an obair uilig a dhéanamh ar cairde go raibh an t-airgead againn le h-iad a íoc, de bharr gur chreid siad sa rud a bhí ar bun againn agus is ar éigean go n-éireodh linn achabé iad.



Loisceadh Shráid Bombay

D'iarr muid cead pleanála do fhiche teach agus halla pobail agus fuair muid sin. Faoin am seo ní raibh fágtha den chéad dream a chuir suim sa scéim ag an tús ach cúig theaghlach rud a d'fhág go raibh na costais uilig ag titim ar líon an-bheag daoine agus ó tharla nach rabh deontas i gceist in am ar bith, bhí an t-ualach airgid do thús na scéime ag dul a bheith trom go leor. Ar scor ar bith bhí an talamh inár seilbh agus cead pleanála againn agus d'iarr muid morgáistí le teach sraithe an duine a thógáil le ceithre sheomra luí agus gairdín beag chun tosaigh agus ar chúl. Bhí lucht morgáiste sásta go leor an t-airgead a thabhairt ach dar ndóigh ní scaoileann lucht morgáiste airgead ar bith go bhfuil an teach ag leibhéal an bhunurláir agus glacann sé airgead leis an teach a thabhairt go dtí sin.

Bhí baint againn uilig le Cumann Chluain Ard agus chuir muid gníomhais sheilbhe an chumainn i ngeall ar iasacht sa bhanc, bíodh a's nach raibh gach duine i gCumann Chluain Ard sásta le sin, ar eagla go dtarlódh rud éigin agus go gcaillfí seilbh ar an chumann féin. Nuair a mhínigh muid gur iasachtaí pearsanta ar gach teaghlach den chúigear a bhí i gceist shíothlaigh an cheannairc agus bhrúigh muid ar aghaidh. Mar is léir ón mhéid atá ráite agam go dtí seo, bhí muid beo bocht agus ar an ábhar sin chinn muid ar an



Ar Lean

obair uilig a stiúradh muid féin agus a oiread den obair a dhéanamh is a bhí ar ár gcumas. Bhí sin crua ar mo dhearthráir Seán a bhí ina shúinéir agus a mbéigean dó obair adhmad chúig theach a dhéanamh é féin i ndiaidh dó a lá oibre féin a dhéanamh sa phost a bhí aige. Féadaim a rá nach raibh lá saor ag duine ar bith againn le linn an ocht mí dhéag a bhí an cúig theach ag dul suas. D'iompar muid brící agus réitigh muid scafálra san oíche dona bríceadóirí an lá dar gceann. Obair chrua a bhí ann ach i mí feabhra 1969, ocht mbliana i ndiaidh dúinn toiseacht amach ar an aistear agus 18 mí i ndiaidh dúinn tús a chur leis an tógáil, bhog an chéad teaghlach isteach sa Ghaeltacht bheag nua ar Bhóthar Seoighe agus i gceann cúpla mí bhí cúig theaghlach ann.



An Ghlúin Úr Gael ag teacht aníos ar Bhóthar Seoighe

Dar ndóigh ba bhliain chinniúnach í 1969 ó thaobh stair na tíre de agus ó thaobh stair na sé gContae de ach go h-áirithe nó réabadh an tsochaí as a chéile. Ruaigeadh daoine as a dtithe. Maraíodh daoine agus rinneadh teifigh de chuid eile. I mBéal Feirste scriosadh sráid iomlán, Sráid Bhombay, agus fágadh 41 teaghlach ar an bhlár fholamh. Bhí an teaghlach deireanach i ndiaidh bogadh isteach ar Bhóthar Seoighe agus go leor eolais faighte againn ar an dóigh le tithe a thógáil agus nuair a léirigh na hÚdaráis nach raibh fonn ró-mhór orthu Sráid Bhombay a atógáil rinne muid féin amach go ndéanfaimis féin iad a thógáil ar neamh-chead dóibh agus gan chead pleanála fiú amháin. Chuaigh Seán Mac Seáin i mbun na tógála faoi stiúir Sheáin Mhic Ghoill, ailtire Bhóthar Seoighe agus le pleananna tithe Bhóthar Seoighe chomh maith. Mar sin is ionann tithe Shráid Bhombay agus tithe s'againne ar bhóthar Seoighe a bheag nó a mhór. Dar ndóigh ní tógáil tithe amháin a bhí i gceist nó b'éigean airgead a bhailiú leis na tithe a thógáil nó ní raibh airgead stáit ar fáil. Is iad na Gaeil arís a chuaigh i mbun an chiste atógála agus cruinníodh na mílte punta sa bhaile agus i gcéin leis na tithe a thógáil. Taobh istigh de bhliain bhí muintir Shráid Bhombay ar ais ina gcónaí sa tsráid arís. Ba rud mór é dar le daoine an tsráid sin a atógáil nó mura dtógfaí í b'ionann agus géilleadh don fhoréigin é, rud nach mbeadh ar leas duine ar bith agus sa bhreis ar sin ba Ghaeilgeoirí iad na daoine a rinne é agus chonaic an gnáth phobal taobh eile de ghluaiseacht na Gaeilge nár bhain leis an teanga amháin ach le leas ginearálta an phobail, rud nár dhochar. Leas ginearálta an phobail a dhéanamh fríd mheán na Gaeilge.

Ar Lean

Ainneoin muid a bheith ag tógáil tithe Shráid Bhombay ní dhearna muid dearmad ar Ghaeltacht Bhóthar Seoighe í féin agus le linn 1970 thóg muid trí theach eile agus fá dheireadh na bliana bhí ocht dteaghlach ina gcónaí sa Ghaeltacht bheag. De bharr an taithí a bhí faighte ag Gaeil ag tógáil Ghaeltacht Bhóthar Seoighe agus le hatógáil Shráid Bhombay bhí muinín agus uchtach acu tabhairt faoi chuid eile de fhadhbanna sóisialta mhuintir Iarthair Bhéal Feirste a leigheas agus bhunaigh siad comharchumann le hobair a chur ar fáil i gceann de na cheantair a ba bhoichte san oileán seo mar atá ceantar Bhaile Uí Mhurchú. Bhunaigh siad monarcha cniotála, gnó bheag frámadóireachta, comharchumann tógála, siopa gróiséara agus garáiste agus an rud a ba uaillmhianaí ar fad nuair a bhunaigh siad Eastát Tionsclaíochta a raibh Eastát Tionsclaíochta Bhóthar Na Carraige air. 10 n-acra a bhí san Eastát agus spás ann do fhiche monarcha beag a chuirfeadh obair ar fáil do cúpla céad duine nuair a bheadh sé críochnaithe.

Fá dheireadh 1970 agus ocht dteaghlach anois lonnaithe i nGaeltacht Bhóthair Seoighe bhí cuid dena páistí ag tarraingt ar aois scoile agus bhí socrú le déanamh againn an raibh muid le hiad a sheoladh chuig an scoil Bhéarla a ba chóngaraí mar a rinne teaghlaigh Ghaelacha i mBéal Feirste ariamh anall nó an dtabharfaimis faoi scoil a bhunú muid féin. Ní fhacthas dúinn go raibh ciall ar bith le stró a chur orainn féin Gaeltacht a bhunú le saol nádúrtha a chruthú dona paistí ina dteanga féin agus ansin iad a sheoladh chuig scoil Bhéarla áit a gcaithfeadh siad an chuid is mó den lá. Mar sin ag tús Mheán Fómhair 1971 bhunaigh muid scoil aon-oide agus gan innti ach seachtar dalta ar phíosa talaimh ar chúl na dtithe ar Bhóthar Seoighe i *chalet* beag aon seomra a bhí in úsáid ar feadh bliana roimhe sin mar lóistín sealadach ag daoine a ruaigeadh as a dtithe féin mí Lúnasa 1969. Ní héigean domh a rá libhse gur cinneadh deacair go leor atá ann scoil a bhunú agus a choinneáilt ag dul gan tacaíocht stáit, go háirithe nuair a bhagair an Roinn Oideachais roinnt bhliain roimhe sin go gcuirfí an dlí ar dhream ar bith a bhéarfadh iarraidh a leithéid a dhéanamh nó nach raibh an teagaisc fríd mheán na Gaeilge inghlactha i stát arbh é an Béarla teanga oibre an stáit. Bhí muid dána go leor faoin am sin gan aird ar bith a thabhairt orthu agus réabadh linn ar a neamhchead. Bhí go leor deacrachtaí againn múinteoir a fháil de bharr an saol a bheith chomh corrach sin ag an am agus daoine ag fáil bháis ar na sráideanna. Tá sé sa tseanachas faoin scoil go mb'éigean don mhúinteóir ar chéad lá na scoile na páistí a chur ar an urlár agus á mbéal fúthu a fhad a's bhí eachtra lámhaigh ag dul ar aghaidh taobh amuigh. Ní hiontas ar bith mar sin gur imigh an múinteóir ag an Nollaig agus níor fhill sí. B'éigean do thriúr ban de chuid Bhóthar Seoighe seasamh isteach go dtí deireadh na bliana scoile gur aimsigh muid bean óg gur de thógáil Ghaeilge i mBéal Feirste í féin le dul i mbun na scoile, ainneoin gan cháilíochtaí múinteoireachta a bheith aicí ar chor ar bith. Chruthaigh sí go fíor mhaith ar feadh an dá bhliain a d'fhán sí ann agus gan í is féidir nach bhfanfadh an scoil foscailte ar chor ar bith ach d'fhás an scoil de réir a chéile go bhfuair sé aitheantas Stáit agus maoiniú i 1984 trí bhliain déag i ndiaidh a bunaithe.

Tuigeann dream ar bith a bhunaíonn scoil gan mhaoiniú stáit go bhfuil sé a dul a bheith iontach deacair agus go nglacfaidh sé an dubh rud oibre le coinneáilt ag dul agus gur thuig

Ar Lean

muid inár gcás féin nach raibh sé ag dul a stopadh ag an bhunscolaíocht amháin ach gur dócha go rachadh sé ar aghaidh go dtí an mheánscolaíocht, rud a bheadh ní ba dheacra arís ach i ndiaidh a bhí déanta againn go dtí sin níor chreathnaigh muid roimhe sin ach oiread agus i 1978 chuir muid Meánscoil Feirste ar bun agus gan inti ach cúigear paistí agus na hábhair uilig á dteagasc ag triúr ban as Bóthar Seoighe féin le cuidiú ó thriúr Gael eile go mba mhúinteoirí iad a thagadh isteach le trí ábhar eile a theagasc ina gcuid ama saor féin gan íocaíocht ar bith a fháil ar a shon. Gidh nár mhair an mheánscoil sin ach dhá bhliain nuair a b'éigean éirí as de bharr an iomad brú ar airgead a choinneáil leis an bhunscoil a bhí ag fás i rith an ama gan airgead ar bith stáit agus na múinteoirí ansin le híoc. Ní saothar in aisce go hiomlán a bhí i Meánscoil Feirste nó chruthaigh sé sa dá bhliain a mhair sí go dtiocfadh réimse iomlán ábhar a theagasc fríd mheán na Gaeilge ar bheagán acmhainní. Agus fá cheann 10 mbliain bunaíodh Coláiste Feirste ar an dóigh ceannann chéanna gan airgead stáit agus gan ann ach naonúr dalta ach go raibh cuid de na daoine a bhí ag baint leis an chéad iarracht deich mbliain roimhe ag baint leis agus fios acu ar caidé a bhí le déanamh má bhí ag dul a éirí leis. An t-am seo d'éirigh leis agus tá 600 dalta anois ann agus gach ábhar á theagasc fríd mheán na Gaeilge ann, 60 múinteoir fostaithe, chomh maith le fiche oibrithe eile gur Gaeil iad uilig.

Ar Bhóthar Seoighe féin le linn an 45 bliain atá sé ann tháinig daoine eile isteach go dtí nach bhfuil níos mó talaimh fágtha agus 22 teaghlach ar fad ina gcónaí ann idir óg agus aosta. Rugadh páistí ann, tógadh teaghlaigh ann agus fuair daoine bás ann, sin scéal comhluadar ar bith áit ar bith ach gurb í an Ghaeilge teanga na muintire ann. Tá daoine a rugadh agus a tógadh i nGaeltacht Bhóthar Seoighe anois arais ina gcónaí ann lena dteaghlaigh féin rud a fhágann go bhfuil an tríú glúin de chainteoirí Gaeilge anois ag fás suas sa Ghaeltacht bheag seo i mBéal Feirste agus is cuma cad é a tharlaíonn don teanga i gcuid ar bith eile den tír sa todhchaí mairfidh an teanga beo ansin ar feadh fada go leor is dóigh liom.

Bheadh daoine ann b'fhéidir a bheadh buartha go mbeadh siad ag dul isteach i saghas "*commune*" agus iad ag dul a chónaí i gcomarsanacht nua Gaeilge mar atá againn i mBéal Feirste ach ní sin an cleachtadh a bhí againn. Ní raibh ach dhá riail againn, an chéad cheann gurbh í an Ghaeilge teanga choitianta an tí agus an dara cheann go gcaithfeadh teaghlach dearbhú a thabhairt go ndíolfadh siad an teach le teaghlach Gaelach eile dá mbéadh acu le bogadh. Thar tréimhse 45 bliain tháinig daoine agus d'imigh daoine ach d'éirigh linn i gcónaí teaghlach Gaelach eile a aimsiú lena n-áit a ghlacadh. Taobh amuigh den dhá riail sin níl laincisí ar bith eile ar dhaoine agus cead acu a saol a chaitheamh mar is maith leo gan cur chucu ná uathu. Tá fiche dearcadh éagsúla ag daoine ann ar gach cineál ábhair agus easaontaíonn muid le chéile ach tá muid diongbháilte go mbeidh an Ghaeilge mar an cheangal eadrainn i gcónaí . Cionn is go raibh an tsaoirse sin ag daoine ar gach bealach sílim gur éirigh linn measarthacht a bhaint amach i mBéal Feirste ó thaobh forbairt na Gaeilge de. Tógann brobh beart a deirtear agus de bharr an muinín agus agus na scileanna a fuair muid ag forbairt na scéime tithíochta d'éirigh linn dul ar aghaidh agus sráid iomlán 31

Ar Lean

teach a atógáil ag Sráid Bhombay a scriosadh le linn caismirtí 1969 agus a bhí na húdaráis ag diúltú a atógáil. Bhí baint againn le cuid mhór dena tionscnaimh a bunaíodh i mBéal Feirste le caoga bliain; Eastát Tionscail, Cóláiste Feirste, Cultúrlann Mac Adam Ó Fiaich, Club Leabhar Gaeilge srl. srl.

Mar fhocal scoir nach iontach an spreagadh agus an tuar dóchais a bheadh ann agus muid ag druidim le bliain chomórtha Éirí amach na Cásca dá gcuirfí tús le Gaeltacht nua uirbeach i mBaile Átha Cliath mar chruthú agus mar chomhartha dóchais nach íobairt in aisce go hiomlán a bhí san éirí amach. Tá sé eagras anois ceaptha leis an teanga a fhorbairt fríd an tír ar fad. An bhfuil seans ar bith ann meas sibh go dtiocfadh siad ar chomhthuiscint faoina a leithéid a bhunú ansin mar ionchur na nGael san chomóradh a bhfuil na páirtithe polaitiúla cheana féin ag tógáil úinéireachta air ainneoin gurbh iad a ba mhó a d'fheall ar fhíor chuspóirí an éirí amach? Is cinnte gur athraigh an saol go mór ó bunaíodh Gaeltachtaí Uirbeacha Bhéal Feirste agus Chorcaigh caoga bliain ó shin ach san am chéanna tá rudaí ann a fhanann buan seasmhach is cuma cad é an tréimhse atá i gceist. Is ón phobal aníos a chaithfeadh an treoir agus an spreagadh a theacht le Comharsanacht nua Ghaeilge a bhunú. Comh dócha lena mhalairt is daoine faoi bhun caoga bliain de aois a thabharfadh faoi. Ba mhaith freisin go mbeadh buntáiste ag baint le daoine cinneadh a dhéanamh dul a chónaí inti. Ba mhór an gar dá bhfaighfí cuidiú ó chiste poiblí éigin le suíomh a cheannacht nó le seirbhisí a chur isteach , tagadh sé sin ón sparán phoiblí i nÉirinn nó ó chistí éigin de chuid na hEorpa. Tá a leithéid ann is dóigh liom. Fuair muid féin amach i mBéal Feirste nach miste buntáiste airgid a bheith ag baint leis an idéalachas corr uair. Cé gurbh iad na chéad teaghlaigh a chuir tús le scéim Bhéal Feirste a chuir an t-airgead uilig ar fáil leis an scéim a thionscnamh, fuair daoine a tháinig isteach ar ball suíomh tí saor in aisce nuair a bhog siad isteach agus ba mhór an cuidiú é sin don dream a ba deireanaí a tháinig isteach ocht mbliana ó shin nó ba theaghlaigh óga iad uilig nach raibh i bhfad pósta agus gan mórán airgid acu agus b'ionann é agus deontas saor in aisce de £30,000 a fháil leis an teach a thógáil, cé gur ón chomhluadar féin a tháinig sé agus ní ó chiste poiblí ar bith. Tá mé cinnte go mbeadh corr theaghlach ina measc nach mbeadh sé ar a n-acmhainn, b'fhéidir, teach a thógáil gan an cuidiú sin.

# Litreacha / Teagmhálacha

Maith sibh as chéad eagrán Misneach agus thaitnigh an forógra, "Cé Muid" liom. Más beart de réir briathair a bheadh i gceist, bheinn ag suil le placardaithe agus meirgeanna i nGaeilge á n-eagrú agaibh i measc an phobail chun iad a iompar chuig léirsithe ar chúiseanna airithe. Is minic mé ar phicéid nó ar léirsithe agus gan ach mo phlacard fhéin feicithe agam i nGaeilge, nó b'fhéidir ceann amháin eile. Bíodh an Ghaeilge le feiceáil sa ghluaiseacht Chlé!

Beir bua,

Diarmuid Breatnach

# Athneartú Phobal Gaeilge Bhrí Chualann

*Le Kerron Ó Luain*




Ar an 7ú Márta 2015 rinne Misneach Bhrí Chualann, i bpáirtíocht le Rónán Ó Snodaigh, cruinniú a reáchtáil i gcaife Prelude i mBrí Chualann. Bhailigh suas le scór duine isteach sa chaife chun go dtiocfadh siad ar bhealaí an teanga a cur chun cinn sa bhaile. D'aontaigh gach duine a bhí ann go raibh gá athneartú agus dlúthú a dhéanamh ar an bpobal Ghaeilge sa cheantair. Ag éirí as an gcruinniú, beidh oíche mhíosúil Ghaelach á reáchtáil sa chaife go luath.

Le linn an chruinnithe chuir baill Misneach síos ar an bhfealsúnacht atá againn, sé sin an fhealsúnacht radacach Ghaeilge agus an smaoineamh frith-chaipitleach. Labhraíodh faoin gcaidreamh idir an caipitleachas agus gearradh buiséad chaipiteal Údarás na Gaeltachta. Is géarchéim iad na ciorruithe uilig atá déanta i leith na Gaeilge le blianta beaga anuas – deireadh leis na nuachtáin clóite, dúnadh síos eagraíochtaí ar nós Comhdháil Náisiúnta na Gaeilge – ach is buille marfach é gearradh siar ar an méid airgid a fhaigheann an tÚdarás. Go bunúsach tá rialtas Fine Gael/Lucht Oibre ag rá gur cuma faoi phostanna mhuintir na Gaeltachta agus an eacnamaíocht ann, cé go mbíonn siad go síoraí ag maíomh go bhfuil infheistiú á dhéanamh acu ar 'chruthú postannaí'. Tháinig tuairisc amach i lár Mí Márta a léirigh gur cruthaíodh formhór na bpostanna le tamall anuas in oirthear na tíre, i mBaile Átha Cliath, agus sna ceantair thart timpeall air, rud a fhágann an t-iarthar, agus an Ghaeltacht ach go háirithe, faoi mhíbhuntáiste.

Luadh ag an gcruinniú an tubaiste a tharla i nGaeltacht Ghaoth Dobhair le déanaí, áit ar bhog Largo Foods go Contae na Mí. Is léir go bhfuil gá ann go seasfadh an stát isteach i gcásanna mar seo chun eacnamaíocht na Gaeltachta a chaomhnú, fiú más gá an difear airgid a chaillfeadh an comhlacht trí fanacht i gceantar iargúlta a íoc ar ais leo. Tá neart airgid ar fáil sa tír dá gcuirfeadh Rialtas BÁC stop le goid chorparáideach ár n-acmhainní nádúrtha, an tearmann cánach atá ann do chomhlachtaí ilnáisiúnta ar nós Google sa stát a dhúnadh agus deireadh a cur le fiacha baincéirí, nach bhfuil aon bhaint ag tromlach mhuintir na tíre leo, a íoc. An fhadhb ná go bhfuil easpa toil pholaitiúil a leithéid de ghníomh a dhéanamh mar go bhfuil na polaiteoirí céanna dlúth-cheangailte le lucht an oll-saibhris.

Ar Lean

Sa chaifé bhí roinnt pointí eile suimiúla a tháinig chun cinn. Luaigh Rónán Ó Snodaigh an taithí a bhí aige a bpáistí a thógáil le Gaeilge i measc an mhórchultúir Angla-Mheiriceánaigh. Freisin labhair sé ar na hiarrachtaí a rinne sé féin agus a gcairde caifé Gaelach a cur ar bun i mBré roimhe sin. Chomh maith le sin bhí plé suimiúil ar an bpolaitíocht agus an Ghaeilge, áit a raibh roinnt daoine ag rá gur chóir díriú ar an teanga amháin, agus is dócha, gan mórán airde a thabhairt ar an gceist pholaitiúil. A mhalairt de smaoineamh a bhí roinnt daoine eile. Chuireadar siúd in iúl nach raibh na sean bhealaí feachtasaíochta chomh héifeachtach mar ba léir ó mheath na Gaeltachta agus ísliú céime na teanga le ceapachán Joe McHugh. Dúradar freisin go bhfuil an t-am thart gur féidir le Gaeil déileáil leis an teanga i bhfolús agus ar nós seoid cultúrtha nach bhfuil tionchar ag cinntí polaitiúla uirthi. In ainneoin na díospóireachta, a bhí bríomhar go maith, ba chomrádaithe iad siúd a bhí sa slua ag deireadh an chruinnithe agus bheartaigh siad oibriú i dtreo athneartú na Gaeilge i mBrí Chualann.

## Todhchaí na Gaeltachta

**"...is baolach go bhfuil deireadh ré na Gaeltachta mar chomhthionól pobal Gaeilge á thuar ag faisnéis an tsuirbhé seo...Is é tátal lom shuirbhé na ndaoine óga nach bhfuil ach idir 15 bliana agus scór blianta fágtha mar shaolré ag an nGaeilge mar theanga theaghlaigh agus phobail *sa chuid is láidre den Ghaeltacht*" - Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch ar Úsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, 2007: 27 (linne an bhéim).**

Ná déanaimis dearmad ar seo a chairde. Ar ndóigh, scríobhadh an tuairisc seo sular thosaigh an ghéarchéim eacnamaíochta a bhfuil cosmhuintir na tíre thíos léi ó shin. Níl an scéal ach hréis dul in olcais agus tá neamhaird iomlán á dhéanamh ag an saorstát lofa ar an gceist phráinneach seo. Agus nuair a imíonns croíphobail na teanga, is deacair a shamhlú go mairfidh an teanga i bhfad eile gan é...

Tá gníomh láidir ar son na Gaeilge ag teastáil go géar. Murarb é anois, cén uair?



## CAC AR AITHRIS

*Le Máirín Mhic Lochlainn*

Bhí Gaeilge agam le scoláireacht 'fháil
'S bhí Gaeilge agam le post ' fháil
Ach an Ghaeilge a labhairt
Níl mise in ann.

Mar caithfidh mé 'bheith mo chac-ar-aithris
Is mo sclabhaí ag an mBéarla
Tá fhios agam gur droch nós é seo
Ach, le cúnadh Dé mairfidh an Ghaeilge.

Mar nach labhrann an sean dream í
' S roinnt Gaeil atá fós dilís
Is nach gcloistear í ar TG4
Is ar Raidio na Gaeltacht'.




Máirín Mhic Lochlainn ag léamh an dáin seo ag Comóradh Misneach d'Éirí Amach 1916 I nGaillimh

Ach, tá rud amháin nach dtuigimse in aon chorr
Cé fáth an cur-i-gcéill seo?
Go gcaithfear agallaimh a dhéanamh i nGaeilge
Ach nuair a fhaightear an post, labhaítear Béarla.

Is má tá Gaeilge agat ón gCliabhán
Níl aon mhaith inti muna leanann tú an caighdeán
Mar tá cáirde agamsa nár labhair Gaeilge 'riamh
Ach fuair siad *A*anna go héasca.

Beidh an Ghaeilge mar an Laidin fadó
Nuair a déanadh í chaighdeánadh
Níor mhair sí i bhfad beo ina dhiaidh
'Gus is amhlaigh bhéas ag an nGaeilge
Muna dtarrlaíonn míorúilt.

Bhfuil aon duine amuigh ansin
A thabharfadh dhomsa comhairle
Mar gheall ar an gcur-i-gcéill ar fad
Tá mo chroí-se briste brúite.

Scríobh mé an dán seo i mhí Mheán Fómhair, 2014 le téann cantail – de bharr tuilleadh cainnte a bheith á dhéanamh faoi Dhréacht Phlean 20 Bliain gon Gaeilge – airgead á chaitheamh go fánach ar phleann i ndiaidh pleana, agus mar a deir an seanfhocal *faigheann na ba bás an fhaid is a bhíonn an féar ag fás* – agus tá faitíos orm gur amhlaigh a bhéas ag an nGaeilge, ach tá chuile shúil le Dia agam go bhfuil mé mí-cheart.


- Máirin Mhic Lochlainn

# Feachtasaíocht agus agóidíocht ríthábhachtach don daonlathas

*Feargal Mac Ionnrachtaigh*

**'Iad siúd a mhaíonn gur fearr leo saoirse, ach a dhéanann a bheagán den agóidíocht, is dream iad atá ag iarraidh barra gan an talamh a threabhadh... Caithfidh sé a bheith ina streachailt. Ní ghéilleann cumhacht a dhath gan é a éileamh. Níor ghéill riamh agus ní ghéillfidh.'**

**- Frederick Douglass**



Is tráthúil agus sláintiúil go bhfuil cúrsaí feachtasaíochta, stocaireachta agus agóidíochta ar ais i lár an aonaigh agus córais pholaitiúla na hEorpa i ngéarchéim leanúnach. Ní gá ach sracfhéachaint a ghlacadh ar stair an domhain le feiceáil nach ngéilleann lucht na cumhachta ach nuair a chuirtear faoi bhrú iad. Ainmnítear deireadh le sclábhaíocht, vótaí do mhná agus cothromas polaitiúil don phobal ghorm i Meiriceá mar shamplaí aitheanta den fhíric seo.
Bíonn claonadh neoid, áfach, chun féachaint ar chúrsaí agóidíochta mar chomhartha diúltach amhail is go dtiocfaidh lá útóipeach nuair nach mbeidh gá ann lena leithéid. Mhínigh an seansóisialach iomráiteach, Tony Benn, an dallamullóg seo nuair a dúirt sé, 'Ghlac sé 50 bliain orm a dhéanamh amach nach bhfuil a leithéid de rud ann agus bua glórmhar ná teip dheireanach, mar caithfidh gach glúin troid ar son na gceart céanna ach amháin faoi choinníollacha éagsúla.'

Gan feachtasaíocht agus stocaireacht, ní tharlaíonn athruithe sóisialta, polaitiúla agus cultúrtha.

Thuig gníomhaithe cosúil le Benn go bhfuil an daonlathas parlaiminte in áit le cinntiú go ndéanfar dísheabhú, imeallú agus díchumhachtú ar an chosmhuintir. Toghfar 'ionadaithe' a thuigeann 'toil an phobail' agus a labhraíonn 'ar ár son'. Ní gá don ghnáthdhuine ach fanacht sa teach, gan bacadh le bheith ag smaoineamh agus vóta a chaitheamh gach ceithre bliana don bhréagadóir is deisbhéalaí. Seo an fáth a n-éiríonn na haicmí polaitiúla iontach míchompordach nuair a thagann rabharta agóidíochta.
Glactar go minic le dúshlán ar bith mar chomhartha mí-mhuiníne agus ionsaí pearsanta. Spreagann siad na meáin chumarsáide oifigiúla chun lucht feachtasaíochta a mhaslú in iarracht chun gluaiseachtaí a scoilt. Tá seo le feiceáil go sonrach leis na hionsaithe in aghaidh na hollgluaiseachta frith-Tháillí Uisce ó dheas de réir mar a éiríonn siad níos rathúla.
Níos cóngaraí don bhaile i saol na Gaeilge, tá athmhuscailt pholaitiúil i ndiaidh teacht ar ghluaiseacht na teanga agus leis sin, an tuiscint go bhfuil gá ann le

Ar Lean

feachtasaíocht, eagraithe leanúnach chun miantaí an phobail a bhogadh chun cinn. Bhí claonadh smaointeoireachta, mar sin féin, i measc roinnt díograiseoirí, gurbh fhearr díriú ar an ghníomh forbartha ón bhonn aníos sa phobal seachas bacadh le stocaireacht leis an stát le haghaidh pinginí ón tabla. D'eascair an tuairim seo ón chomhthéacs stairiúil s'againne inar fhorbair Gaelphobal in ainneoin an stáit. Ach, tá glún úr de ghníomhaithe ag tógáil feasachta go bhfuil spás agus gá ann don dá chur chuige. Feasacht go bhfuil Gaeil i dteideal acmhainní ón stát nach bhfaighidh muid gan an t-éileamh poiblí a chruthú ach ag an am chéanna níor chóir bheith spleách ar an stát le haghaidh forbairt na teanga.

Léirigh An Lá Dearg anuraidh, mar shampla, gur féidir cumhacht rannpháirteach, orgánach teacht ó shlógadh phoiblí a thugann úinéireacht don mhórphobal ar chúis na Gaeilge. Tógann seo dlúthpháirtíocht seachas féinshuim ina bhforbraítear luachanna pobalbhunaithe agus scileanna eagrúcháin a dhéanann polaitiú fadtéarmach ar dhaoine mar shaoránaigh le cearta sa tsochaí s'againne. Tá seo sláintiúil agus riachtanach agus éagothromas ag treisiú i rith an ama.

I gcás na nGael, tógadh caidrimh láidre, forbraíodh tograí pobail úrnua, tuilleadh agóidí, osclaíodh díospóireacht ar bhealaí úra chun cinn, agus d'fhás tuiscint gur féidir linn difear a dhéanamh agus athruithe a bhaint amach.

Léiríodh seo go sonrach nuair a shíolraigh feachtas Tuistí an Tuaiscirt ón Lá Dearg. Bhí tuismitheoirí as tuaisceart Bhéal Feirste chun tosaigh ar an mhórshiúl le meirge agus iad feargach gur fágadh páistí s'acu ar an trá fholamh maidir le seirbhísí taistil. Trí bliana i ndiaidh an chás cúirte a bhain Coláiste Feirste in aghaidh na Roinne Oideachais ar an cheist taistil, bhí cluas bhodhar á tabhairt go fóill don scoil comh maith le tuistí Gaelscoile agus a gcuid ceart. Le tacaíocht ó dhíograiseoirí, d'fhorbair na tuismitheoirí feachtas s'acu féin. Rinne siad suirbhé, d'eagraigh siad mórshiúl ón tuaisceart ar an treo fhada chun na scoile is mheall siad spéis na meán cumarsáide. Chothaigh seo brú poiblí agus d'aontaigh an tAire Oideachais bualadh leo. Ghlac sé le hargóintí ceartbhunaithe s'acu agus chuir an Roinn maoiniú breise ar fáil le haghaidh seirbhísí taistil do gach páiste gaelscoile i dtuaisceart na cathrach. Bua sonrach a d'eascair ón fheachtasaíocht.

Le cois, bhí Gaelphobal Dheisceart Dhoire ar an mhórshiúl ag seasamh gualainn ar ghualainn le tuistí ón tuaisceart ar an Lá Dearg ag éileamh meánscoile saorscartha don cheantar. Labhair Cailín óg go paiseanta os comhair an tslua ar an lá faoin aisling s'acu maidir le hoideachas dara leibheál trí Ghaeilge. Lean siad leis an stocaireacht, thóg siad comhghuaillíochtaí leathana, is d'fhorbair siad cur chuige cruthaitheach chun an mhórsprioc a bhaint amach. I ndiaidh blianta fada moilleadóireachta, d'fhogair an tAire Oideachais an tseachtain seo caite gur ghlac sé leis an mholadh forbartha chun Coláiste Dhoire a bhunú mar mheánscoil scartha.

Leanann an troid ar son Acht na Gaeilge ar aghaidh, mar a thaispeáin an slogadh frithchiníoch ag Stormont ar na mallaibh ach léiríonn na buanna seo go dtig athruithe a bhaint amach. Is amhlaidh is fearr má fhorbraítear cur chuige atá bunaithe ar bhuphrionsabail cumhachtaithe a aithníonn ról lárnach dóibh siúd atá thíos le hidirdhealú, nó a bheas páirteach san aisling. Taispeánann an feachtas i ndiaidh na dtáillí uisce go n-oibríonn réimse leathan taicticí agus tú ag cur dúshláin roimh lucht na cumhachta. D'oibir an gníomh díreach agus easum-

Ar Lean

hlaíocht shibhialta chun brú breise a chur ar na húdaráis ó dheas. Bhain gníomhaithe teanga na Breataine Bige feidhm éifeachtach as an chur chuige fosta chun roinnt mhaith ceart teanga a bhaint amach. Ní chiallaíonn seo gur smaoineamh maith atá ann i gcónaí ach is cinnte gur rogha streachailte atá ann a bheadh éifeachtach i gcomhthéacs agus cúinsí ar leith.
Ar ndóigh, is léir gur gá do ghluaiseacht agus díograiseoirí bheith cruthaitheach, straitéiseach agus pragmatach chun cuspóirí a bhaint amach. Mar a deir Fran Buntman, 'Tá níos mó i gceist leis an fhrithbheartaíocht ná díreach 'no' a rá, an diúltú, an séanadh, fosta, agus go príomha, tá an chruthaitheacht shóisialta i gceist, luachanna agus spriocanna úra a thabhairt isteach, dóigheanna úra comhoibrithe agus gnímh.'

Cinnteoidh seo cur chuige solúbtha a dhearbhaíonn gníomhachas radacach ón bhun aníos agus a bheireann cosaint do ghluaiseacht na teanga ó bhogásacht agus institiúidiú sna blianta amach romhainn.

---

## Teaimín Óg
le Séamus Barra Ó Súilleabháin

A Teaimín Óg, nach tú an diabhal
sna trithí i gcúl Honda
mar a n-éiríonn tú, saor, ó chlann is ó chléir
'slán le muintir Lios Tuathail!'
le spliof i do bhéal is do mhéar láir san aer
do mhallacht ar an mbealach dúchais
ach ar thaobh an róid, snag breac an bhróin
ag súil le hathrú do thiúin.

Le ceol crua an tí, Tupac is Biggie
á mbléaráil amach san oíche
go gach réabh is gach fleá i gContae an Chláir
thiomáineabháir go fiain fíochmhar
'is cuma sa riabhach liom fé *Shades* nó Gardaí
níl uaimse go brách ach bia is bean!'
ach d'umhlaigh Teaimín 's an leaid taobh leis ag maíomh
as a chéad tréimhse i bPríosún Naomh Pat....





Gur aimsíodh é le straiméad sa bhéal
ages na hainmhithe a bhí an spórt
gach tincéir is bacach ó Luimneach go BÁC
ag déanamh ar a chillín chun a léasaithe
'níl aon dul as Laistigh, kid, ná trua duit puinn
cuirfidh na Bairéadaigh is clann Dundon chun suain thú'
péacu de smaointe Teaimín bhí le comhairle na gaoith'
lig sé gáire is tomhaisín dubh don dtiománaí.

A Teaimín Óg, nach tú an diabhal
ag screadaigh i gcúl Honda
tú ruaigthe ón saol ar imeall na hÉireann
mar ghiolla ag aicme na bhfánaithe
i bhfochair na m*boys* gan chúis is gan fhaill
ag rásáil 'on sprioc is airde
ach ar ghabhlóg an bhóthair chifír an poll
is do phaidrín páirteach age baile.

# Gearrscéal: "*Ó! a Bheirt Phailistíneach!*"

*Le Pádraig Ó Cíobháin*

***Cathair Dháiví seachtain roimh Nollaig***

*CATHAIR DHÁIVÍ seachtain roimh Nollaig, tarrac ar shlí san ósta. Ní hamhlaidh a bhí an oíche a cuireadh Muire ó dhoras. Tá de bhreis ar dhá chéad seomra in Ósta Bheithil an lae inniu. Samhlaímis suite é, san áit chéanna ina raibh an ceann gur léirigh a úinéir an doicheall ná maithfear choíche dó.*

*Is beag de dheifir idir an t-ósta so agus aon cheann eile ar tí a thréigthe: na seomraí leapan fuar folamh, rith an bháin ag creimirí sa bhialann, macalla na ngréithre ón gcistin á stóráil ag an ndornán searbhónta fágtha ar an bpárolla. Is gearr go bhfaighid sin leis bóthar, mar is cinnte go leanfaidh an t-intifada ar aghaidh, in saecula saeculorum. (An tseachtain roimis sin ghaibh asal an tsráid aníos, ainmhí ná samhlóimis leis ach an neamhurchóid, ach i gcás an cheathairchosaigh seo bhí gaireas loiscneach strapálta dá dhrom.)*



*Níl dabht ná gurbh fhearr do dhuine a bheadh ag lorg lóistín aghaidh a thabhairt ar bhothán biamhar éigin ar shleasa na gcnoc, ná a bheith ar thóir a chompoird san ósta gortach so. San áit is mó go mbeadh súil againn le maisiúcháin an tséasúir a bheith, is é sin forsheomra na fáilte, níl a samhail ann. Níl tine curtha síos a bhiathófaí. An fuacht ag dul go smior na gcnámh, beirt fhostaithe ag allagar, a gcúl leis an gcuntar, mar a loirgeodh aíonna seomra, dá mbeadh a leithéidí tar éis tuirlingt de bhus taobh amuigh. Rud ná tarlóidh, óir ar an hochtú lá den mí lámhach Fórsaí Cosanta Iosrael beirt Phailistíneach, a measadh a bheith ar tí lán bus d'ionsaí lámh le Natzarim. Aon Iosraelach déag a bhí ar bord – an líon deisceabal i gcuibhreann an Ungthaigh agus é ar tí a chéasta, má fhágaimid a bhrathadóir as an áireamh.*

*Samhlaíonn guthanna na beirte níos airde agus níosa ghéire ná mar a bheadh nádúrtha. Ní ag argóint ná ag imreas atáid, ach de bharr an forsheomra a bheith chomh dealbh mar le daoine, líonann a bhfriotal an folús, preabann macallaí a ndioscúrsa de na fallaí, sula sciorraid amach an príomhdhoras ornáideach. Dá chionn san, sea chuireann pé meathchoisí atá amuigh ag spaisteoireacht, (bíodh go bhfuil cuirfiú i bhfeidhm), cluas orthu féin ar ghabháil dóibh thar bráid. Iad dulta sa tseans. Polasaithe*

Ar Lean

*Fhórsaí Cosanta Iosrael, atá i gceannas na cathrach, ar aon dul le casus belli shaighdiúirí Héaróid, a d'ardaigh staitisticí mhortlaíochta naíonán a linne de dhroim na haonoíche uafaire úd, gur cuireadh na Neamhchiontaigh chun claímh.*

*Tíleanna marmair atá ag clúdach an urláir. Ar a bheith cosnocht le linn an tsamhraidh, mhothóidís deas fionnuar. Ní lamhálfaí d'éinne gan choisbheart thar tairseach an lae inniu, bí deimhnitheach de. Shamhlófaí a leithéid d'iompar le hortadacsaíocht de shórt amháin seachas de shóirt eile.*



*Modartha ruadhóite atá na fallaí. Bán atá an tsíleáil dhroimíneach, tréigthe ag an saol agus ag an aimsir, ach nach ionann an dá rud, óir am-chaitheamh atá i gceist sa chás so, ní síon-chaitheamh. Tá troscán caolaigh scaipthe ar fuaid na háite – an gnáthshórt a chothaíonn an ghnáthstaid – cathaoireacha, boird, stólanna, stóilíní coise, boird caifé ar a bhfuil irisí, an móramh sa lingua angla atá ar tí an ghréasáin dhomhanda ilchultúrtha a eitneadhíothú.*

*Tá luaithreadáin ghloine chriostail scaipithe fan na mbord, mar a bheadh réalt-bhuíon ag glioscarnach i bhforsheomra na cruinne, díreach sular scar an tArtisan Diaga na huiscí de dhroim na firmiminte ós na huiscí féna bun. Ar cheann de na fallaí tá múrmha-isiú greanta: Muire agus an naí ina baclainn – ábhar dóchais agus lúcháire do na ciníocha uile. Slánaitheoir saolaithe ó bhean gur cumasc í den maighdean shíoraí agus den máthair fhoirfe: idéal gur deacair é a chomhlíonadh, go mórmhór nuair a chuimhnímid ná raibh inti ach cailín tuaithe cúig bliana déag am a toirchthe.*

*San íomhá anso di taibhsíonn sí i bhfad Éireann níosa sheanchrínne: ógbhruinneal ársa, tagtha fé anáil na healaíne a dhein íocón di. A gruanna rósdearg. A súile marbhánta, (soicheall ná doicheall níl le brath iontu), mar a bheadh sí marbh ag ualach síoraí a hóghachta. A gruaig Shirley Temple ag titim ina slaoda. Coróin ar a baitheas, a chuirfeadh comaoin ar Rí na bhFlaitheas féin. Ornáidíocht an chróin Mhuire seo shamhlóimis leis an seodóireacht Bhiosántach.*

*An duine an t-éadach, a bhfuil á chaitheamh aici ag comharthú ná fuil éinne bocht ar a cine. Clóca den ndearg is saibhre thairsti aniar. Ionar corcra ar a bhfuil imill órshnátha. Glas den ndath a shamhlóimis le brat trídhathach Fódla ar an bhfobhrat fan a coim. Casta i gcrios ceangail tá an páistín fionn. A ghéaga gléigeala ag iarraidh greamú as a mháthair. A shúil seandraoi (níl an tarna ceann le feiscint) ag breith a dhúshláin don saol. De bhrí do luan na hÓighe a bheith órnite thabharfá an leabhar gurb í an ghrian é, ach gur ina luí atá, am mhairbh na hoíche comharaithe ag an bhfirmimint réaltbhreacaithe atá mar chúlbhrat leis an dtabló.*

*I mBeithil níl coinnle ar lasadh anocht. Níl oilithrigh i Séipéal an Naí Naofa, a*

Ar Lean

*dhoirse daingean. Tá ciúnas na huaighe luite ar Chearnóg an Mhainséir, gan daonnaí ann, cé is móite de bhuachaill sna déagaibh luatha, atá ag iarraidh keffeyeh*anna a dhíol le pé *turasóir fánach a ghaibheann thar bráid. Níl crann Nollag curtha suas. Níl soilse lasta ar na sráideanna. Níl cantairí carúl le clos ag gabháil fhoinn ar na pábhailí. Is deacair a chreidiúint go maireann fiche is a hocht míle duine i gCathair Dháiví inniu.*

*Béiceann an mangaire súgach amach, é le feiscint ar éigin sa leamhdhoircheacht, ciflí ceoigh ag crith-thuirlingt anuas air, smugaí lena chile sróine:*

‘*Keffeyeh*anna ar díol! *Keffeyeh*anna ar díol!’

*Saothar in aisce dó an mhangaireacht. Titeann a fhriotal ar chluasa ná fuil ann, óir is beag a thiocfaidh go Beithil anocht. A gcúl tugtha ag ciníocha an domhain mhóir leis; i gcúl a ndoirne tá a gcuid carthanachta. Is cuma conas a chuireann té é, is é an dála chéanna é.*



An trodaí Palaistíneach cáiliúil Leila Khaled

*Tá coiscthe ar chónaitheoirí Bheithil dul taobh amuigh dá ndoirse le trí seachtaine. Fág go mbeadh de mhisneach ag duine an cuirfiú a bhriseadh, beir leat go mbeadh a bheatha i mbaol, dála na díse a ghaibh thar dhoras an ósta ó chiainibh. Leanann an saghas san meisiasachta an chois ag dúchasaigh na dúthaí seo, áfach. Téid sa tseans óir táid curtha i gcás, go litriúil, amhail ainmhithe i zú, a n-aghaidheanna cróna ar chúl sparraí a bhfuinneog, leabaithe i soimint d’fhonn cosaint éigin a sholáthar ó ionsaithe na nIosraelach.*

*Sílid go bhfuil na hollchomhachtaí ar thaobh na Siónaithe, a dteideal ar an gcrích shárnaofa bunaithe ar an bhfíoras gur sa réigiún idir Abha na Iordáine agus an Mheánmhuir a tharla a dtarla sa Bhíobla. Údar eile dá gcearta teidil, gurb í seo Tír Tairngire na nGiúdach – geallta dóibh ag an nDia céanna gur chuireadar diamhasla i leith a aonmhic sara seoladar chun a chéasta é.*

*I mBeithil, i Iarúsailéim, i Nablus, i ngach baile agus gráig ar an mBanc Thiar, tá an ceart agus an t-éigeart i gcointinn, an neart agus an t-éineart, an chóir agus an éagóir.*

***Sna cnoic a chrioslaíonn Beithil lonnaíonn na treallchogaithe anocht***

*Sna cnoic a chrioslaíonn Beithil lonnaíonn na treallchogaithe anocht. Sna sliabhraonta san sea tógtar iad ar bhainne cíche an tírghrá.*

*Beirt dá leithéidí, Abu Qumbaz agus Karam Al Maghani, ná maireann. Ní dheinid, óir b’iad d’ionsaigh an bus úd i gcomharsanacht Netzarim, mar deir an tuairisc seo a heisíodh ar Ha’aret an mhaidin dár gcionn:*

> *D’ionsaigh na sceimhlitheoirí an bus agus é ag fágaint Netzarim, de réir ráitis ó oifigeach sinsearach de chuid Fhórsaí Cosanta Iosrael. Chaith na saighdiúirí leo. Maraíodh na feallmharfóirí. Fuaireadh piostal agus sé ghránáid ar na coirp, de réir an oifigigh nár thug ach a chéad ainm, Yoel. Ghlac an grúpa Ioslamach*

Ar Lean

*Hamas freagracht as an gcoir.*

*Sa ghrianghraf a ghaibh leis an gcuntas taispeáineadh díorma de shaighdiúirí Iosraelacha ag gardáil na gcorp, tuairiscithe ag a bhun gur theilg an bheirt gránádaí leis an mbus sular lámhachadh iad. Reoigh an ceamara téachtfhuil a gcréachta. D'fholaigh a n-aghaidheanna donnchraicneacha lí an bháis. Shamhlaigh an féar fúthu níosa ghlaise ná mar ba chóir, aoibheanna ar lucht a ngardála, amhail gur ar láithreán scannáin a bheidís.*

*Chun a chruthú gurbh é féin an t-aiséirí agus an bheatha thóg an tUngthach Lazaras ó mhairbh. Achainímis air a shamhail a dhéanamh anois – ár mbeirt Phailistíneach a thógaint ón mbás, óir ba fhinnéithe iad san leis ar a dtarla an lá uafásach úd i Netzarim.*

*Samhlaímis dhá chliathbhosca cúpla méadar ó chéile i gclós tí Abu Qumbaz. Cóisir a lá breithe atá ar siúl, an ceiliúradh tagtha fé anáil an iarthair: buidéil uisce mianraí, milseáin á ngrianadh féin, balúin ildaite ar crochadh d'ursain an dorais, an t-aer á shú astu ag an marbhtheas.*

*I gcoinnibh na gcliathbhoscaí tá dhá chlár buailte. Orthu sea ghaibheann na leaideanna (tá cuireadh fachta ag Karam Al Maghani agus ag a bheirt dearthár) de rúid, sula n-eitlíd tríd an aer. Fanann Abu Qumbaz ar leataoibh. Gan sa chlann ach é. Dá chionn san tá sé cúthaileach. De réir a chéile éireoidh níosa dháine. Druidfidh i dtreo na cuideachtan. Glacfaidh athsheilbh ar a fhearann.*

*Mheáfadh síceolaí gur ag an bpointe sin a tionscnaíodh an claochlú ina dhán. Druideann an triúr eile siar uaidh. Is léir go bhfuil glactha acu leis mar chinnire – síol mustaird na cille réabhlóidí ina mbeid fós rannpháirteach curtha chomh neafaiseach san.*

*Níl slí anso chun an ród a thóg an dá chomrádaí a rianú, bóthar a chuir ina luí orthu cúl a thabhairt don riail, aghaidh a thabhairt ar an ainriail. Dála a lán a bhíonn tógtha le paiseon b'ea d'fholaíodar a mothúcháin. Dob é a dtoil gabháil le sruth an éigeantais a spreag iad an t-éigeart a chur ina cheart.*

***Bhain an bhinib stangadh as na meáin dhomhanda ar an láthair***

*'An choimhlint, a amadáin, ní an eacnamaíocht,' d'fhógair an Príomh-aire Sharon, leis an sotal ba dhual dó, ag a phreasagallamh in Ósta Bheithil, roinnt seachtainí roimis an olltoghchán a bhí ar na barraíbh.*

*Gheit an t-agallóir, cáblaí agus sreanganna cheamaraí teilifíse ag snapadh ar a shála, a áit snaptha ag tuairisceoir ceartchreidmheach de chuid CNN. Ba air a dhírigh an Príomh-aire an chuid eile dá aitheasc lena gcuir so mar chlabhsúr:*

*'Dá mbeadh an fhadhb atá againne ag an Ríocht Aontaithe mar leis an sceimhlitheoireacht in Éirinn is fadó a bheadh luaithreadán déanta den dtír sin.'*

*Bhain an bhinib stangadh as na meáin dhomhanda ar an láthair. Ina n-uain gan mhéileach, an saol sceonmhar ina thost ar feadh meandair. Fiú taobh amuigh, na léirsith-eoirí a bhí páirteach san agóid in aghaidh a pholasaithe i leith a dheargnamhaid, caoire a bhí mar mhóitíf ar a dT-léinte.*

*Sciuirdeann ceamradóir, sna sála ar thuairisceoir ó Fox News, ina dtreo súd a bhí ag léirsiú ar son a dtacaíocht don rialtas. Sánn miocrofón i mbéal a n-urlabhraí.*

*'Siopadóir beag mise,' ar sé, scian ina radharc, úll a phíobáin síos suas, Ádhamh sa dúchas aige. 'Siopa dhá sheicil atá agam. Níl cúrsaí eacnamaíochta go maith fé láthair. Dá thúisce a stoptar an choimhlint is ea is fearr é do thionscal na turasóireachta ar a bhfuilimid ag brath go mór.'*

Ar Lean

*Leanann a Phríomh-aire dá sheanmóin taobh istigh:*

*'Aon áit dár chuir Yasser Arafat fé d'éalaigh sé lón cogaidh isteach ann agus d'f-holaigh é, d'aidhm aige an stát Giúdach a scrios ó Chomhaontú Oslo ar aghaidh. Is oth li-om ná fuil de rogha againn ach an cine Arabach a dhíothú, óir sin é a chaithfear a dhéa-namh, mar ná múinid dá n-óige ach gráin agus fuath. Fiú dá mbronnfaí stát dá gcuid féin orthu, ní chuirfeadh san deireadh lena gcuid barbarachta. Tá Arafat tar éis a chur i luí ar na glúnta Pailistíneach fuath a bhreith do Ghiúdaigh, a cheacht dulta i bhfeidhm chomh mór san orthu go bhfuilid sásta a mbeatha a íobairt ar son Ioslaim. Tá Arafat ag déanamh deimhin de go leanfar don gcinemhilleadh, ní hamháin in aghaidh na nGiúdach ach i measc a chine féin chomh maith. Níl ach an t-aon réiteach ar an gceist: na Pailistínigh a thiomáint amach as Iosrael ar fad, ligint dóibh socrú síos sa Iordáin, mar is Pailistínigh ochtó fén gcéad den ndaonra sa tír sin cheana féin. Chomh fada le polasaithe síochána na stát Eorpach, táid glan in aghaidh Iosrael. Ní ghlacfaimid ach le comhairle na Stát Aontaithe maidir le haon chinneadh a dhéanfaimid i dtaobh na bPailistíneach feasta.'*

*Iar na cainte sin b'ea leabaíodh téarmaíocht mar Hamas*, *Fatah*, *Jihad i leicseacan na beirte, Abu Qumbaz agus Karana Al Maghani. Ní hamhlaidh go rabhadar dall orthu roimis sin, ach anois bhí beartaithe acu dul isteach san eagras sceimhlitheoireachta Ioslamaí b'ansa leo – Hamas – d'fhonn a mbeathaí a thiomnú don gcruachomhrac in aghaidh na nÍodhal.*

***Ar adhmhaidin an lae sin scinn scuaine F-16anna ón spéir dhúchghorm***

*An t-aerionradh a deineadh ar an gcomharsanacht inar mhair Salah Shehade go luath i ndiaidh don bPríomh-aire labhairt b'ea dheimhnigh ná beadh a mhalairt bóthair i ndán dár mbeirt Phailistíneach. Ar adhmhaidin an lae sin scinn scuaine F-16anna ón spéir dhúchghorm. Buamáladh an chomharsanacht. Maraíodh Salah Shelade, a bhean agus a thriúr clainne – gan i nduine acu ach bunóc dhá mhí – nuair a leagadh trí urlár an tí ina maireadar anuas ar a chéile.*

*An lá dar gcionn mháirseáil céad míle Pailistíneach trí shráideanna Gaza, ag scaoileadh urchar óna ngunnaí agus ag fógairt ná dearúdfaí íobairt na mairtíreach choíche. Thaistil an dá chomrádaí ó Bheithil chun a bheith páirteach sa léirsiú. Ní fhillfidís ina mbeo go deo ar Chathair Dháiví.*

*Ba léir easnamh cheann treorach ar na ceannaircigh. Ach ní fada a bheidís á éagmais. Nuair a tháing an bheirt chomh fada leis an ardán a bhí tógtha ag meitheal siúinéirí, lig Abu Qumbaz léim as a chorp, gur thuirling ar na cláracha. Níorbh fhada ar a chúl a chomrádaí. B'é Abu a labhair leis an slua:*

*'Múscail do mhisneach, a Phailistín! Ardaíg bhur lanna, bhur mbratacha, agus bhur n-airm thine. Cuirimis in iúil don namhaid, má mheasaid ná seasfaimidne an fód, gurb shin é an dearúd daor dóibh. Tá rialtas na Stát Aontaithe comhpháirteach san uileloscadh atá ag bagairt orainn. Ach deirimidne leo inniu, deirimid le Mongólaigh ár linne, go dtroidfeam go dtí an nduine deireanach, óir is náisiún sinn atá athbheochanta. As luaithreach Salah Shehade adhanfar an jihad. Éireoidh an Phailistín dá glúine agus raghaidh chun comhraic le mangairí an uafáis!'*

*Níorbh fhada iar san gur bhog na hollscartairí isteach.*

*Réabadar, leagadar, leibhéaladar gach a raibh rompu.*

*Mar a raibh cúlshráideanna níor fágadh ach fásach. Smionagar na stroighne cruach-ta i gcnocáin. Sparraí iarainn ag gobadh astu. Lámh duine ag péacadh anso. Cois ansúd.*

Ar Lean

*Gol linbh i gcróilí an bháis. Scréach ó mhadra ag croitheadh na gcos. Cuileanna ag guardal de dhroim na gcorp, gléasta ina n-éadaí oíche, leata ar bharra na gcnocán.*

*Ionradh rúnda na hoíche b'ea mhúscail iad. Amach ar an sráid leo, a lámha á gcroitheadh san aer acu, a dtithe á dtuargaint ina dtimpeall. In ionad teitheadh b'ea d'fhilleadar chun na muintire gur rug an bás ina gcodladh orthu a tharrtháil, ní foláir. Ag Dia amháin atá a fhios. Ar bharr na gcnocán lámhach urchair na gcruinnaimsitheoirí iad, iad ag titim amhail chuileanna fómhair.*

*Thug an bheirt chomrádaithe na cosa leo ar éigean.*

*An lá dár gcionn mháirseáileadar i dtreo an bhus láimh le Natzarim. Cráifeoga ar a mbeola. Trí ghránáid an duine ar iompar acu.*

*Agus iad i ngiorracht leathchéad méadar don mbus, chuir píolóta Iosraelach inneall a F-16 ar siúl gan choinne. Gheit na saighdiúirí ag gardáil an bhus. Chasadar. Stánadar ar an mbeirt ag teacht féna ndéin.*

*D'aimsíodar.*

*Scaoileadar.*

*Bhánaigh brat sneachta cathair Iarúsailéim don gcéad uair le stáir an oíche sin.*

## ***Aiféala an Éisc*** *le Laoighseach Ní Choistealbha*



*do Duane*

Chonaic mé thú ag stánadh
trí lionsa na habhann,
iascaire álainn, d'aghaidh
ar chruth na gealaí,
ar dhath an chorráin.
Rugadh orm blianta ó shin
sular thug an duán
dradgháire domh san uisce,
amhail corrán ré.

Bhrioscaigh mo
gheolbhaigh sa ghrian.
D'análaigh mé
triomach uafásach.
Luigh mé ar do bhos,
ámhail slige airgid Iúdáis;
scrúdaigh tú mé,
is chaith tú mé ar ais
san uisce bhinn, beatha bhinn.

Leoga, coinnigh ar do bhos mé
mar bhonn eachtrannach;
tiontaigh thart mé,
scrúdaigh arís mé!
Stróic mo bhrollach oscailte
le gluaiseacht dhéaslámhach na scine
is tarraing an deirge amach.


Bronnfar duais ort ansin-
an péarla i mo phutóga, frithir is foirfe.
Is íomha na gealaí é, a shlog mé fadó,
taiscthe ó dhromhchla na habhann
mar ba mhacasamhail d'aghaidhe é.

## An tÚdaras agus Roinn na Gaeltachta - in aghaidh na pleanála teanga

*Le Ben Ó Ceallaigh*

Bheadh a fhios ag éinne a bhíonn ag leanúint na meán Gaeilge go bhfuil raic ann le píosa faoi thuairisc nua a choimisiúnaigh Údarás na Gaeltachta agus go bhfuil moilleadóireacht as cuimse ar bun acu maidir le foilsiú na tuairisce seo.

Déanadh coimisiúnú ar an staidéar seo i mí Bealtaine 2013 go mbeadh sé mar uasdátú ar na figiúirí agus staitisticí atá sa Staidéar Cuimsitheach Teangeolaíoch (SCT). Mar a pléadh sa gcéad eagrán de *Mhionlach*, foilsíodh an SCT ar dtús in 2007 agus léirigh sé go raibh géarchéim teanga ag tarlú sa nGaeltacht. Dúradh nach raibh ann ach 15-20 bliain fágtha ag an nGaeilge mar theanga an phobail fiú sna ceantracha Gaeltachta is láidre atá ann. Tuigtear go forleathan go léiríonn an nuashonrú atá sa tuairisc chonspóideach nua seo gur in olcas atá rudaí imithe ó shin. Tá an Dochtúir Conchúr Ó Giollagáin, a labhair amach go neamhbhalbh go minic in aghaidh chacamas an rialtais, ar dhuine de na húdair atá ag an alt.




Ach ar chúis éicintí, níl an tÚdaras sásta an tuairisc nua seo a fhoilsíodh agus tá Roinn na Gaeltachta iad fhéin ag cur go láidir ina haghaidh ó bhí 2013 ann. De réir cáipéisí a fuair Tuairisc.ie (bail ó dhia orthu!) faoin Acht um Shaoráil Faisnéise, dúirt ionadaí ón Roinn ag cruinniú leis an Údarás nár chóir go mbeadh moltaí tarrthála mar chuid den tuairisc agus, más fíor, tá an clampar agus cabhlae seo uilig ann toisc go bhfuil cúig leathanach de mholtaí curtha isteach ag na húdair.

Ní tharlódh sé áit ar bith eile. Tá an Roinn rialtas atá ceaptha a bheith ann ar son na Gaeltachta agus an "tÚdarás" a bunaíodh mar fhreagra ar stocaireacht Ghluaiseacht Chearta Shibhialta na Gaeltachta anois ag cur moille na mblianta ar fhoilsiú cáipéise toisc go bhfuil moltaí inti faoi cén chaoi an Ghaeilge a chuir chun cinn sa nGaeltacht! Agus moltaí iad seo atá ag teacht ó dhuine de na saineolaithe is mó atá againn ar an bpleanáil teanga in Éirinn. Níos measa ná an roinn féin ar bhealach – tá clú an rialtais le cosaint acusan is dóigh – ach go bhfuil an tÚdarás ag glacadh leis seo uilig agus ag géilleadh do mhíshástacht na roinne seachas an rud a fhoilsiú, beag beann ar a gcuid "míshástachta". Dá mbeadh maitheas ar bith iontu, chuirfeadh siad ar fáil amárach é.

Ar ndóigh, níl ann ach nach dtaitníonn an t-eolas agus na moltaí atá ann leofa, mar an oiread leis an SCT féin i 2007, léiríonn sé fírinne dhearcadh an stáit i leith na Gaeilge agus bréagnaíonn sé miotas na cáipéise mairbhe sin

Ar Lean

a bhí gan mhaith ón tús - An Straitéis 20 Bliain. Má thagann an tuairisc seo amach, go háiride roimh an toghchán, beidh a fhios ag an lá beannaí' gur teip agus bréag atá sa straitéis agus an méid a deir an tAire Gaeltachta gan Ghaeilge a thug siad dúinn. In ainneoin an bhrú uilig a chuireann Acht na Gaeltachta 2012 ar phobail Ghaeltachta chun a gcuid pleananna teanga fhéin a chuir le chéile chun a stádas Gaeltachta a choinneáil – agus é a dhéanamh gan aon tacaíocht cheart ón stát – níl an roinn ag iarraidh go mbeadh moltaí faoin bpleanáil teanga ar fáil go poiblí. Scannalach!

Is róshoiléir anois nach féidir linn brath ar Roinn na Gaeltachta nó ar an stát – ná ar an Údarás agus iad sásta géilleadh don chac seo. Fúinn féin atá sé anois pobal na Gaeilge agus na Gaeltachta a neartú as ar stuaim féin agus deireadh a chur leis an diabhlaíocht seo sa bpróiseas.

## *Éirí Amach 1916 – Leanann an Streachailt ar Aghaidh!*

*Le Laoighseach Ní Choistealbha (Mac Léinn le Gaeilge in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh)*

Éirí Amach na Cásca, 1916, an eachtra is tabhachtaí, is tragóidí, is reabhlóidí i stair nua-aoiseach na hÉireann. Is léir nach bhfuil tuairim amháin inghlactha go forleathan ag muintir na hÉireann fá dtaobh de. Ach, agus sinne anois ar tí comóradh an chéid a cheiliúradh (más é 'ceiliúradh' an focal ceart) an bhliain seo chugainn, ní gá don tír athbhreithniú dáiríre a dheánamh ar an Éirí Amach, ar idéalachas na Sínitheoirí, agus ar an Éirinn a shamhlaigh said i bhForógra na Poblachta. Amharcfaimid ar an Éirí Amach mar eachtra fhrith-choilíneach, a phós an eite chlé agus an náisiúnachas traidisiúnta Caitliceach le chéile don chéad uair, agus a rinne iarracht an *Gaelachas* a chur chun cinn in éadan impiriúlachais nimhneach na Sasana.

> *We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be Sovereign and indefeasible.*

Ó brúdh an Conradh Angla-Éireannach ar mhuintir na hÉireann sa bhliain 1921 go dtí an lá inniu, agus ár dtír céasta ag Aontas na hEorpa, agus seanfhiacha curtha ar ghuaillí an lucht oibre, níor bhain muid saoirse na hÉireann amach. Shamhlaigh an Forógra go mbeadh cumhacht ag muintir na hÉireann ar acmhainní agus ar chinniúint na tíre, agus go raibh flaitheas na hÉireann lárnach do shláinte agus do fhéinmheas na nÉireannach.
Níl an Sasanach in ann Éire a stiúradh chuig flúirse, agus níl 'flúirse' tairbheach don chumhacht choilíneach; caitear an náisiún coilíneach a choinneáil faoi chois.

Deirtear go bhfuair Éire 'néamhspleachas' ar leith nuair a dlíodh Acht na Poblachta i 1948. Bhí 'Poblacht na hÉireann' reachtach bainte amach ag muintir na hÉireann. Ach níor chiallaigh sé, agus ní chiallíonn sé, dadaidh. Níl Sasain i gceannas na tíre a thuilleadh, ach cuireadh ár bhflaitheas i lámha na gcaipitlithe:

Ar Lean

comhlachtaí, bancanna, polaiteoirí cambheartacha.
Díoladh saoirse agus dínit na tíre don tairgeoir is saibhre, agus nuair a theipeann ar an gheilleagar caipitlíoch, cuireadh an locht ar na daoine ba leochailí: an lucht oibre, na mionlaigh, mná na hÉireann. Tá na Sé Chontae fós mar chime cuibhrithe, agus is léir gur mhaith le Rialtas an Deiscirt dearmad a dhéanamh den fhíric seo chun ár n-iarchoilíní a shásamh.
An féidir linn Éire na Sínteoirí a chruthú, agus na contaetha sin fós i lámha an choilíní, agus an tír ina sclabhaí ag slabhraí an nuachoilíneachais?

> *The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities to all its citizens… cherishing all children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien government.*

Scarann an coilíneachas muintir na tíre óna chéile; cruthaítear anró idir na daoine (in Éirinn, tá difríochtaí creidimh mar uirlis acu leis na cianta) agus úsáidtear an teannas seo chun cumhacht an impiriúlachais a fhorleathnú. Sa Tuaisceart, tá droch-atmaisféar le mothú fós idir grúpaí creidimh éagsúla, ach is í deighilt na n-aicmí an scoilt is mó atá sa tír.

Bhraith coilíneachas na Breataine ar theannas creidimh a chruthú, agus anois, braitheann an caipitleachas agus an nuachoilíneachas ar an bhearna idir an lucht oibre agus an mheánaicme. Ní ‘alien government’ amháin atá taobh thiar den scarúint seo, ach caipitleachas millteach an domhain.

Chun caipitleachas a chur chun cinn, ní féidir ‘equal opportunities’ a thabhairt do chách. Caitear daoine a bhrú faoi chois ar mhaithe le brabús. Theip ar rialtais ó bunaíodh an stát deiseanna chothromacha a sholáthar do dhaoine imeallacha na tíre: Gaeilgeoirí, muintir na Gaeltachta, an pobal LGBTQA, imiricigh, mná na tíre, etc.
Agus na meáin chumarsáide (foilsithe agus eagraithe ag na rachmasaithe is mó ar domhan) ag maíomh i gcónaí nach bhfuil cuidiú agus dínit tuillte ag na grúpaí seo.

> *‘If you remove the English army tomorrow*
> *…*
> *Unless you set about the organization of the Socialist Republic*
> *…*
> *England would still rule you.*
> *She would rule you*
> *Through her capitalists, through*
> *Her landlords, through*
> *her financiers.’*
>
> **An Chonghaileach**

Bhí Gaelachas lárnach d’idé-eolaíocht na réabhlóide. Creideadh nach féidir saoirse iomlán na hÉireann a bhaint amach trí mheán an Bhéarla amháin (scríobhadh an Forógra i mBéarla, áfach). Bhí teanga an Bhéarla nimhneach d’fhlaitheas na

Ar Lean

hÉireann; ba rian an choncais é, dar leis an Phiarsach, a chreid go mba cheart go mbeadh Éire ina tír Ghaelach, ní amháin tír saor ó lámh láidir na Breataine. Bealach í an Ghaeilge le cultúr sainiúil na hÉireann a léiriú in éadan choilíneachais an Bhéarla, uirlis an choncais a scrios na mílte teanga i dtíortha éagsúla an domhain.
Dá mbeadh Éire saor ó thionchar na Breataine, thabharfaí droim láimhe don Bhéarla agus bheadh muintir na tíre in ann cúl a thabhairt don náire a mhothaigh said ó léiríodh an Ghaeilge mar 'theanga na mbocht' ag Sasana.

Ach, an tír níos Gaelaí í Éire fá láthair, agus 'saoirse' againn dar leis an dlí? Má fhreastalaíonn tú ar rang Gaeilge in ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tchífidh tú go bhfuil mic léinn na Gaeilge, ar champas dátheangach, in Áras na Gaeilge, ag labhairt Béarla le chéile. Tarlaíonn an rud céanna in ollscoileanna uilig na tíre. Déanann siad staidéar ar Ghaeilge ar mhaithe le post a fhail - ní as grá dá dteanga shinsearach. Seo iad na gaeilgeoirí is oilte den chéad ghlúin eile agus teanga an choilíneachais á labhairt gan náire acu. Tá an domhandú nualiobrálach agus an cultúr folamh Angla-Mheireacánach i réim, agus Gaeilge agus mionteangacha an domhain faoi bhois cait acu. Spreagtar an t-aos óg i dtreo aineolais agus neamhshuime ina gcultúr féin.

Is cuimhin liom eachtra amhain agus mise sa chéad bhliain nuair a chuir an léachtóir ceist ar an rang Sínitheoirí an Fhorógra a ainmniú. Ní raibh ach mionlach an ranga in ann ainm amháin, fiú, a lua. Tá grá don teanga agus aithne ar stair na tíre ina rud aisteach, neamhghnách. Ach suim i gcultúr eile, a scrios teanga agus flaitheas na hÉireann? Sin an gnáthrud.

*'...And freedom is coming. But between*
*this, and freedom, he*
*said, Ireland will go*
*through hell.*
*But, he said, Ireland*
*Will never lie down–again.'*

**Caitlín Bean Uí Chléirigh**

Sa bhliain 2016, ba cheart dúinn a aithint nár athraigh dadaidh in Éirinn ó bhí 1916 ann. Bhuel, anois, táimid inár sclabhaí don chaipitleachas domhanda, seachas do Shasana amháin. Sin an t-athrú amháin. Is amadán é an duine a deir gur bhain muid saoirse amach i 1921 nó 1949, nó a deir go bhfuil cumhacht ag muintir na hÉireann cinniúint na tíre a stúiradh. Sin an tuairim a fheictear sna meáin agus a cluintear ón rialtas. Ach tuigeann sinne, cosmhuintir na tíre, nach bhfuil braon na fírinne ann. Tá nuasclabhaíocht an chaipitleachais orainn, agus tá réabhlóid eile de dhíth again chun dearcadh an Fhórógra a chomhlíonadh.

Lig na Gaeil na maidí le sruth maidir le saoirse agus maorgacht na hÉireann, ach ba chóir dúinn seasamh suas anois, agus Éire iomlán, chothrom, shóisialach, agus Ghaelach, a chruthú.

Ar Lean

# Tír gan Ganja, Tír gan Anam

*Le Ciarán Ó Meachair*



*Chuidigh agus thacaigh Misneach na Gaillimhe leis an reifreann a bhí acu in OÉG, agus d'éirigh leis. Bhí breis is 65% ar son saothrú, rialú, díol agus sealbhú an Raithnigh a dhéanamh dleathach.*

Deirtear go bhfuil thart ar 100,000 duine in Éirinn a ciontíodh mar gheall go raibh raithneach ina seilbh acu. Ciontíodh iad mar gheall go raibh substaint acu a mheasann an eagraíocht sláinte domhanda go bhfuil níos lú dáinséir ag baint leis ná an t-alcól agus tobac. Ar an droch-uair tá drochbhail ar saol an 100,000 duine ar chiontaíodh. An té a chiontaítear le seo, cuirtear cosc orthu post a fháil mar mhúinteoir nó mar dhochtúir nó páiste a uchtú agus bíonn teorannú ar a chuid taistil.

Muna bhfuil tú ar aon bhuile agus má tá tú in dubh in éadan an raithnigh, níl aon fhadhb leis ach ní féidir linn neamhaird a dhéanamh de gur féidir a theacht air i bhfaiteadh na súl i ngach cearn den tír seo agus is táirge an-tairbheach í atá i lámha na ndronganna coiriúla agus is teacht isteach atá ann a mbaineann siad leas as ar son rudaí mí-dleathacha eile a dhéanamh. Tá meastúchán ann gur chaith breis is milliún duine in Éirinn raithneach. Caithfidh muid dul i ngleic leis seo agus é a rialú!

An bhfuil na Gardaí ag ceapadh má leanann said leo ag cur daoine i bpriosún go socróidh sé an fhadhb? Thiocfadh linn áiseanna agus am (agus airgead an cháin-íocóra) a bhaint amach as lámha na gcoirpeach agus a chur i lámha an stáit, rud a chuirfeadh go mór le heacamaíocht na tíre. Ligeadh sé do na gardaí díriú ar na fíor fhadhbanna atá againn in Éirinn (polaiteoirí craiceáilte agus bancóirí santacha)

Measann Rannóg na hEacnamaíochta in UCD go bhféadfaí brabús £562 Milliún a dhéanamh, dá mba rud é go raibh an raithneach dleathach. I gColarado, tá sé ar díol de réir an dlí ansin agus tá 20,000 post cruthaithe ach mar gheall ar an chinneadh seo.
Maidr le cúsaí sláinte, is é an baol is mó atá ann go bhfuil sé go fóill i lámha na gcoirpeach. Is minic a ceannaítear raithneach ó mhangairí drugaí agus bíonn rudaí nar chóir a bheith ann meascaithe fríd agus tá an-dáinséar ag baint leis seo. Dá mbeadh an raithneach faoi chúram an stáit, thiocfadh leis an rialtas cinntiú go mbeadh sé sábháilte, agus airgead a shaothrú ar son cúraim shláinte nó oideachais nó.......... fá choinne poblacht shóisialach a bhunú?

> 'Is sí an luibh íocshláinte an náisiúin, is é an t–alcól scrios an náisiúin' - ***Bob Marley***

# Scéilíní



*Le Eoin P. Ó Murchú*

***Ceapaire an Domhnaigh***

*Thosaíos le pesto, a chur ó thaobh go taobh an cheesebread as Avocca, roinnt rocket ansin, ballymaloe ar a bharr, smuitín gubeen leis, trátaí, liamhás crumbáilte, muigín tae, nuachtáin na seachtaine, Rónán sa choláiste ag staidéar, Síofra amuigh lena cairde, lá breá gréine gairdín, támáilteacht an tsaoil i nDomhnach Broc. Scrios sé an lá nuair a fuaireas amach go raibh an lotto buaite agam.*

*Céard a dhéanfainn le €3 mhilliún?*

***An fáth a dtugaim cunt ort fós?***

*Chac tú orm. Shamlófá gur leor san ach dheinis an diabhal ar fad orm i gceart i mbealach eile leis. Mhaithfinn duit an cac úd. Ní raibh aon bhá agam le hiompar mar sin ach d'iarr tú orm feadh i bhfad, ar an idirlíon, agus ní fhéadfá adharc a choinneáil gan bheith ag breathnú ar rudaí. An té a dhéanfadh an rud eile áfach níl ann ach péist de dhuine, fodhuine féin. Foc tú agus seacht sliocht do shleachta, go n-ithe an focain diabhal thú. É a chur chuig mo thuistí agus gach éinne. Tá an saol millte cinnte ach tusa an conús a scaipeann an cacamas seo. Go dtachta tú ar do phutóga a chuint.*

***Sliabhrán***

*Tá an bus lán arís. Cuirim na spéaclaí gréine orm, díreach ar eagla, síos go Lidl. Deas saor, pas fuar. Áit phlaisteach. Tá na Sínigh ag éisteacht. Is gá bheith cúramach. Léim an nóta arís, táid ag teacht, mar a tháinig cheana, tiocfaidh siad arís. Tá an cód intuigthe má tá an nóta agat. Tá an nóta agam. Is mise an nótaire. An nótaire nótáilte. Ní fós, fóill orainn, an stad ceart amuigh, feoil…arán.. alcól.toitíníceallraícalraíbiadontseachtainseodhuitgoraibhmaithagatfáilteromhatslánnídúrasfaic. Siar chun mo shléibhe.*

***An-Chiúin Oíche dé luain***

*An rud is mó a chuirfeadh iontas ar dhaoine nach raibh baint acu leis mar chluiche nár gur thaitin sé léi. Ní chuiridís i bhfocail é ach níor chreideadar. Chuir sé iontas ag an tús, ach den chuid ba mhó bhí sé taitneamhach go leor, gan ach an corrfhear a bhí gránna amach is amach léi. Cuid mhór acu an-lách fiú. Gheall siad pósadh is gealach is grian di. Rudaí nár tháinig. Nuair a chloisidís Britney chuirfeadh sé ag gáire iad ar dtús, 'Britney tar éis rehab' a chuir sí mar eireaball leis. Gáire i gcónaí. Ach tá sé an-chiúin anocht. Í ag smaoineamh ar a saol ar an gcúinne. Gan gáire anocht. Tá clog ar a cos, diabhal bróg. Marbhántas agus meirbhe na hoíche.*

***Nollaig sa Téalainn***

*Tá an t-uisce ar fad ag imeacht, nach ait, féach, imithe amach. É ag teacht isteach arís go tapa, cúpla méadar sa nóiméad. Mhothaigh tú sin? Céard sin i bhfad uainn? Thosaigh na fir Théalannacha a bhí roimhe seo ag dul do na báid ag breathnú amach uathu. Uisce mór thall. Níor thuigeas go dtí go bhfaca bád trí seoil á iompú bunoscionn. Dúras leat, 'Seo linn beo as seo' is ní fhaca riamh arís thú. Tonn ar an trá.*

*Coirp ag fíniú sa mharbhlann.*

# An Giorria Éireannach (Lepus timidus hibernicus)


*Le Seán Ó Muireagáin*

Nach uathúil agus nach leithleach thú
A lagomorph dúchasach na tíre
Is faide thú i nÉirinn ná aon duine beo
An oighearaois féin nár mharaigh thú
Gur fhair tú teacht na hathbhreithe

An glasmhíol ag tál gach ráithe
A chluasa barrdhubh lena shonrú
Fraoch agus luibheanna sa tsamhradh
Aiteann agus fraochán sa gheimhreadh
Níor ith tú do dhóthain nár fhág fuílleach

Chonaic tú céadteacht na ndaoine
Rinne tú á gcothú ar feadh na haoise
Ba ghaiste thú roimh rinn saighde
Ach cailleadh thú go mór don tsáinn
I bhfolach i measc na luachraí
A bhí chomh flúirseach leat féin tan

30 míle bliain a mhair tú gan bhac
Go dtáinig an talmhaíocht mheicnithe
A thorchair do ghnáthóg gan srian
Ar nós na nGael a bheathaigh tú fadó
Ní bheidh do leithéid arís ann go deo



**"Diúracáin treoraithe atá againn agus daoine gan treoir."**

**Martin Luther King (1929-1968)**



# AN tIDIRNAISIÚNTA

Éirígí, a lucht ocrais, as bhur gcodladh!
Éirígí, a dhaoraithe na gainne!
Mar anois tá an réabhlóid ag tonnadh,
Is tá deireadh le ré na cainte!
Amach le bhur bpisreoga uile,
A sclábhaithe, éirígí! éirígí!
Athróm anois na sean-drochídí,
'S téanam i mbaol ar thóir na bua!




Anois, a chairde, tagaigí uile,
Tá an cogadh deiridh ar siúl!
Aontaíonn an tIdirnáisiúnta
An cine daonna go léir!
Anois, a chairde, tagaigí uile,
Tá an cogadh deiridh ar siúl!
Aontaíonn an tIdirnáisiúnta
An cine daonna go léir!

Is fada 'an t-idirnáisiúnta' á cheol i measc ghluaiseacht na heite clé. Tá an t-amhrán céanna ar cheann de na hamhráin is iomráití de chuid na gluiseachta idirnáisiúnta sóisialaí ó bhí an 19ú haois ann, nuair a ghlac 'an Dara hIdirnáisiúnta' leis mar amhrán oifigiúil. Eascraíonn an teideal as 'An Chéad Idirnáisiúnta', comhghuaillíocht páirítithe sóisialacha a bhunaigh Karl Marx agus Friedrich Engles in 1864. Bhí údar an amhráin seo Eugène Pottier i láthair ag an chéad chruinniú de chuid an Idirnáisiúnta seo. Scríobh Eugène Pottier an t-amhrán i bhFrancais an chéad lá riamh. Ba iarr-bhall de Chumann Phárais an t-údar.

Nil trust ar bith againn i dtaoisigh
Na súil le slanaitheoir o neamh
's muid ag braith ar ar lamha féinig
Chun saol núa a bhaint amach!
Os muid a chruthaíos gach saibhreas,
Os muid a throideas gach cath
Aontaithe le chiele gan aon aighneas
Is againn a bheas an rath.

Anois, a chairde, tagaigí uile,
Tá an cogadh deiridh ar siúl!
Aontaíonn an tIdirnáisiúnta
An cine daonna go léir!
Anois, a chairde, tagaigí uile,
Tá an cogadh deiridh ar siúl!
Aontaíonn an tIdirnáisiúnta
An cine daonna go léir!"

# Ná Géill is Tú Beo! *Le Naoise Ó Cairealláin*

Le teacht agus imeacht Sheachtain na Gaeilge, agus ócáidí teanga á reáchtáil againn san ollscoil, chuir cara ceist orm a bhain geit asam:

"Cad é do sprioc, cad atá uait, cén fáth a ndéanann tú seo ar son na teanga?"




Chuir sé ag machnamh mé.

Ní dóigh liom gur fiafraíodh sin díom riamh agus, le bheith ionraic, níor smaoinigh mé chomh fadtéarmach sin.

Tá sé aisteach ar bhealach nach mbíonn freagra na ceiste sin againn láithreach bonn.

An imeachtaí teanga atá uainn? Seachtain nó coicís d'ócáidí Gaeilge? Caitheamh aimsire? Seirbhísí áirithe?

Ansin chuimhnigh mé ar nath cainte a d'inis cara eile ó Thír na mBascach domh:

"Euskaraz bizi nahi dut."

Is í an chiall leis sin ná "Ba mhaith liom bheith beo tríd an Bhascais".

Agus sin díreach an rud atá uaim, mo shaol ar fad a chaitheamh trí mheán na Gaeilge, gan aon eisceacht ná leithscéal.

Saol bunaithe ar phrionsabail na nGael, ar chairdeas, ar chomhionannas, ar cheol, ar ghrá agus ar shochaí shláintiúil, agus sa dóigh is nach bhfágtar éinne ar lár.




Ní shílim gur mórán d'éileamh atá ann.

Bhí an t-ádh dearg liomsa, tógadh le Gaeilge mé, buíochas le mo thuistí ach go háirithe mo mhamaí a d'oibrigh go han-dian le triúr gasúr a thógáil le Gaeilge in Iarthar Bhéal Feirste.

Táim cinnte nárbh í an rogha ab fhusa. Ach threoraigh an cultúr agus an teanga muid, thug sé ábhar cainte dúinn, aclaíocht, cairdeas, ceol, nasc, cúis agus tá mé ag iarraidh an deathaithí sin a roinnt le gach duine.

Ar Lean

Tá mé ag iarraidh mo shaol a chaitheamh mar a chaith mé an chéad chúpla bliain do m'óige, aineolach agus soineanta faoin domhan mór Béarla a bhí ag feitheamh orm gan focal de agam go dtí go raibh mé ceithre nó cúig bliana.

Cosúil leis na laethanta sin a bheadh fear céile Sasanach m'aintín a labhairt liom agus ní bheadh clú agam cad é a bhí an boc á rá.

Cronaím na laethanta sin mar ní labhraíonn sé ach cacamas den chuid is mó.

Tá an sprioc soiléir i m'intinn mar sin: mo shaol a chaitheamh trí Ghaeilge agus ní ghéillfidh mé go dtí go bhfuil sin agam.

Bunaigí cumann rothaíochta a chairde, ciorcal comhrá, cumann cócaireachta nó siúil, déanaigí damhsa, drámaíocht, cumaigí filíocht, buailigí craiceann, labhraígí Gaeilge leis na húdaráis, le do mhuintir, le do chroí.

Déanaigí cibé rud faoin spéir chun an saol iomlán sin bheith agat.


Agus, mar a deir an banna ceoil Gaelach de chuid na hAlban, Oi Polloi, "Ná géill is tú beo".



# An Ghaeilge agus an Pholaitíocht

*Diarmuid Breatnach*

Bíonn liobrálaíthe agus frith-phoblachtánaithe eile ag maíomh gur cheart an Ghaeilge a scaradh ón pholaitíocht agus on phoblachtánachas. Ta mearbhall orthu – ní raibh an Ghaeilge ariamh scartha on pholaitíocht (agus ní féidir sin), ná ariamh ceangailte leis an bpoblachtánachas.


POBLACHT NA H EIREANN.

THE PROVISIONAL GOVERNMENT OF THE IRISH REPUBLIC TO THE PEOPLE OF IRELAND.

IRISHMEN AND IRISHWOMEN: In the name of God and of the dead generations from which she receives her old tradition of nationhood, Ireland, through us, summons her children to her flag and strikes for her freedom.

Having organised and trained her manhood through her secret revolutionary organisation, the Irish Republican Brotherhood, and through her open military organisations, the Irish Volunteers and the Irish Citizen Army, having patiently perfected her discipline, having resolutely waited for the right moment to reveal itself, she now seizes that moment, and, supported by her exiled children in America and by gallant allies in Europe, but relying in the first on her own strength, she strikes in full confidence of victory.

We declare the right of the people of Ireland to the ownership of Ireland, and to the unfettered control of Irish destinies, to be sovereign and indefeasible. The long usurpation of that right by a foreign people and government has not extinguished the right, nor can it ever be extinguished except by the destruction of the Irish people. In every generation the Irish people have asserted their right to national freedom and sovereignty; six times during the past three hundred years they have asserted it in arms. Standing on that fundamental right and again asserting it in arms in the face of the world, we hereby proclaim the Irish Republic as a Sovereign Independent State, and we pledge our lives and the lives of our comrades-in-arms to the cause of its freedom, of its welfare, and of its exaltation among the nations.

The Irish Republic is entitled to, and hereby claims, the allegiance of every Irishman and Irishwoman. The Republic guarantees religious and civil liberty, equal rights and equal opportunities to all its citizens, and declares its resolve to pursue the happiness and prosperity of the whole nation and of all its parts, cherishing all the children of the nation equally, and oblivious of the differences carefully fostered by an alien government, which have divided a minority from the majority in the past.

Until our arms have brought the opportune moment for the establishment of a permanent National Government, representative of the whole people of Ireland and elected by the suffrages of all her men and women, the Provisional Government, hereby constituted, will administer the civil and military affairs of the Republic in trust for the people.

We place the cause of the Irish Republic under the protection of the Most High God, Whose blessing we invoke upon our arms, and we pray that no one who serves that cause will dishonour it by cowardice, inhumanity, or rapine. In this supreme hour the Irish nation must, by its valour and discipline and by the readiness of its children to sacrifice themselves for the common good, prove itself worthy of the august destiny to which it is called.

Signed on Behalf of the Provisional Government,
THOMAS J. CLARKE,
SEAN Mac DIARMADA. THOMAS MacDONAGH,
P. H. PEARSE. EAMONN CEANNT,
JAMES CONNOLLY. JOSEPH PLUNKETT.

Is ón Fhrainc agus ó Shasana a tháinig ideolaíocht an phoblachtánachais go hÉirinn – ideolaíocht ar son an daonlathais, na saorántachta, na saoirse creidimh, scaradh idir an eaglais agus an stát agus i gcoinne na monarcachta. Ideolaíocht an Bhúirgéis ag iarraidh a haicme a shaoradh ó chumhacht an fheodachais agus na monarchan. Ach chun go mbéidis in ann an bua a fháil, béigean dóibh cuma a chur ar an scéal gur saoirse do 'chuile dhuine a bhí á lorg acu, sea *Liberté, Egalité, Fraternité*.

Is ar cuid den bhúirgéis agus cuid de na ceardaithe ba mhó a d'imigh na smaointe sin i bhfeidhm in Éirinn agus b'é an Béarla príomh-theanga a dtromlaigh; ba Phrotastúnaigh a bhformhór agus Preisbitéirigh an chuid ba mhó dóibhsan. Nuair a theip ar an iarracht "Pairlimint na hÉireann" a leathnú chun Caitlicigh agus Preisbitéirigh a ligean isteach ann, agus nuair a chinn cuid acu ar reabhlóid agus gur bhunaíodar na hÉireannaigh Aontaithe i mBéal Feirste, ní raibh Caitliceach ar bith i láthair ag an gcruinniú: beirt Anglacánach agus naoi Preisbitéireach.

B'é an Béarla príomh-theanga na nÉireannach Aontaithe mar a fheictear ón a gcuid scríbhinní agus amhrán agus ag na hÉireannaigh Óga ina ndiaidh. Ní raibh bunábhar na tíre i gceannas ar eagraíochtai poblachtánacha go dtí gur tháinig na Fíníní ar an saol – ach b'é an Béarla príomh-theanga a ngluaiseachta-san freisin. Bhi snáthaid láidir Ghaeilge a lúbadh thríd na hÓglaigh a scoilt leis an Réamonnach agus Páirtí Náisiúnach na hÉireann. Ach ina ainneoin sin, cé gur bhaill de Chonradh na Gaeilge ceathrar den seachtar a shínigh Forógra na Cásca, is i mBéarla a bhí an téacs seachas an teideal agus b'shin príomh-theanga na gluaiseachta.

Tháinig bláth de shaghas ar an nGaeilge sna Sé Condaethe le linn chogadh an tríocha bliain ach ní féidir a shéanadh, in ainneoin tréan-iarrachtaí an mhionlaigh, gurbh é an Bearla príomh-theanga na gluaiseachta agus nach ndearna an chinnireacht ná tromlach na ballríochta fíor-iarracht ariamh chun an Ghaeilge a chur chun tosaigh.

Machnaímis ar phíomh-doiciméid an Phoblachtánachais in Éirinn: Scríbhinní Tone, Forógra agus Óráid Cúirte Emmet, Scríbhinní an Mhistéiligh agus filí na nÉireannach Óg, scríbhinní na bhFíníní, Óráid ag Uaigh Ui Dhonnabháin Rosa, Forógra na Casca 1916, Foraithne Shinn Fein 1918, Forógra na nÓglach 1922, *A Nation Once Again* (ar shíl a lán a cheapfaidh mar an amhrán náisiúnta), *The Soldiers' Song*, tromlach na n-amhrán agus na nuachtán ó 1796 go dtí seo, scríbhinní Sands – i mBéarla ar fad atáid (eisceacht is ea an Chéad Dáil inar tharla na himeachtaí go léir trí Ghaeilge).

Ar Lean

De réir stair na teangan agus na gluaiseachta, níl aon dlúth-bhaint idir an Ghaeilge agus an Phoblachtánachas ná aon rathaíocht ach an oiread go dtabharfadh rialtas fíor-phoblachtánach cothromaíocht don Ghaeilge leis an mBéarla – gan caint ar mhórcheannas.

Ach ní hionann sin agus a rá nach bhfuil aon cheangal idir an Ghaeilge agus an pholaitíocht – tá, agus dlúth-cheangal. Níl mórán suime ag búirgéis náisiúnta na hÉireann i stair ná i gcultúr na tíre, mar is léir le fada. Ní fheictear dóibh go bhfuil mórán airgid le gnóthú as an dteanga agus ní hamháin sin ach go mbaineann costaisí lena cosaint, a caomhnú agus a forbairt. Maidir leis an bhúirgéis choilíneach agus a lucht leanúna, is amhlaidh go bhfuil fuath ag an chuid is mo dóibh don Ghaeilge agus faitíos orthu roimpi. Is fánach a bheith ag iarraidh orthu cultúr a bhíodar ag brú síos leis na céadta bliain a chaomhnú anois, cultúr a bhaineann le dreach agus léiriú náisiúin nach nglacann siad leis agus a bhfuil arm taobh thiar dóibh chun an ruaig a chur ar aon iarracht chun crot fisiciúil a chur ar an léiriu céanna. Is féidir le liobrélaíthe áirithe mór a dhéanamh de chúpla fáinleog ach ní hionann sin agus teacht an tsamhraidh.

Níl aon rath in ann don Ghaeilge ó cheachtar rialtas gan athrú bunúsach ar chursaí. Ta gá againn le poblacht shóisialach ar fad na hÉireann, stát nach gcuirfeadh cúrsaí maoine os cionn chaomhnú chultúr an phobail, stát a thabharfadh a thábhacht cheart do chúrsaí cultúrtha agus oideachais, stát a bheadh sásta céimeanna raidiciúla a thógaint, céimeanna a bhfuil fíor-ghá leo. Stát réabhlóideach atá i gceist ansin, de thoradh réabhlóide. Agus más sin atá uainn, caithfear ní hamháin troid ar son na Gaeilge gan aon mhuinín as an stát atá againn faoi láthair ná na heagrais mhaoinithe atá aige, an ghluaiseacht a bhunú i measc an luchta oibre agus a chur ina luí ar ghluaiseacht Chlé na hÉireann go gcaithfidh siad áit a ghéilleadh don Ghaeilge ina measc.

## **Gaeltacht na hÉireann** *le Pól Breathnach*

Tá soitheach seoil á briseadh ar charraig. An gcuirfidh muid báidín leis an bhfoireann a tharrtháil, is an lasta luachmhar?

Tá speiceas ainmhí i mbéal éaga. Chinn ar a choimhlint le speiceas cuideáin, is tá a ghnáthóg shinseartha millte. An gcuartóidh muid tearmann dó?

Tá seanteach taibhseach gan chomhla gan phána, a chuid ballaí briste bearnaithe. An soláthróidh muid dídean dhá mhuintir is dhá maoin?

Tá luach ár n-anama i mála garbh – mar aon le cat mór tréan. An dtig linn í a shábháilt, a chairde? An dtig linn í a shábhailt in am?

# Síolta na Réabhlóide – Forbairt Intleachtúil agus Chultúrtha

*Le Aodh Ó Corcráin*

Is ábhar iontais í an Ghaeilge ó thuaidh. Nó gluaiseacht na Gaeilge ba choir domh a rá, an Ghaelscolaíocht ach go háirithe. Má théinn tú go Bóthar Malone nó áit ar bith de chuid an mheán agus uasal aicme, áit a bhfuil oideachas ard caighdeán ann, airgead, seasmhacht agus gach pribhléid eile a thagann leis an aicme sin, ní bhfaighfidh tú paistí dá-theangacha ag rith thart ar na sráideanna. Ach má théann tú chuig Baile Uí Mhurchaidh, nó Lóiste na Mona, ait a bhfuil an leibhéal bochtanais is airde sa tír, áit nach bhfuil seirbhísí, airgead nó fiú tithíocht cheart ann, a bhfuil fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta ann, ar aon le stair mílitiú Breatanach ann, is féidir paistí dá-theangacha a fheiceáil ar gach coirneál sráide.




Ní inimircí na páistí seo, a bhfuil a dteanga dhúchais a labhairt sa bhaile. Ní hé, d'fhoghlaim siad í. Agus ghlac tuismitheoirí s'acu cinneadh comhfhiosach chun iad a chuir sa treo sin. Is gluaiseacht intleachtúil agus orgánach de chuid an lucht oibre í Gluaiseacht na Gaeilge ó thuaidh.

Is é seo an toradh is fearr a tháinig amach as an choimhlint 30 bliana anseo. Más díchoilíniú atá uainn, beidh orainn aisiompú a dhéanamh ar éifeachtaí an choilíneachais tríd phróiseas cultúrtha agus intleachtúil chomh maith le próiseas polaitiúil. Is é sin croí na hathbheochana.

Le gairid, thosaigh grúpa oibrithe óige Gaeilge, in éineacht le daoine óga an cheantair, cumann cócaireachta gach Domhnach. Is ea, blasann agus déanann siad bia nach bhfaighfeá de ghnáth agus is ea, tá na scileanna seo tábhachtach. Ach tá rud éigin i bhfad níos doimhne agus tábhachtaí i ndiaidh teacht amach as. Nuair a chuireann tú Gaeil óga thart fán tábla ag ithe agus ag comhrá, caidé a shíleann tú a labhraíonn siad faoi? Fealsúnacht, litríocht, cultúr, ceol, spórt, polaitíocht, ginmhilleadh, poilíneacht, taisteal, ár dtodhchaí, ár stair, ár saol.

Rud a thosaigh mar ghrúpa cócaireachta, is tearmann intleachtúil Gaeilge atá ann atá suite i gcúl sráid salach in aice leis na boscaí bruscar agus na luchógaí móra - an t-aon áit a thug an stát dona daoine óga seo chun cumann óige s'acu a reachtáil.


Agus mar aon le gach tearmann intleachtúil ariamh a chruthaigh an lucht oibre daofa fhéin, is ón áit seo a thiocfas na gníomhaithe agus na smaointeoirí a dhéanfas an tír a athrú. Má amharcann muid ar an Ghaeilge i gcomhthéacs na hathbheochana, comhthéacs sóisialta agus polaitiúil, ní mór dúinn spásanna mar seo a thógáil ar fud na tíre. Spásanna inar féidir le daoine fás agus foghlaim mar dhaoine. Mar, chun athinsint a dhéanamh ar Joseba Sarrionaindia, is í an Ghaeilge an t-aon fhearann saor atá againn.

# "Los Nadies" - "Na Neamhdhaoine"

*Dán leis an scríbhneoir Uraguach Eduardo Galeano a d'éag ní ba luaithe i mbliana. Aistrithe go Gaeilge ag Seanán Mac Aoidh agus Lillis Ó Laoire.*

Bíonn dreancaidí ag brionglóidigh fá mhadadh a cheannacht daofa féin
agus bíonn neamhdhaoine ag brionglóidigh fá éalú ón bhochtaineacht
lá draíochtach éigin
go mbeidh an t-ádh ag cur orthu mar a bheadh fearthainn ann,
agus lán spúnóige de in achan deor.
Ach ní thitfidh an t-ádh ina cheathanna orthu inniu
amárach ná a choíche.
Ní thitfidh ná fiú ina cheobrán
Is cuma cén dúil a bhíonn ag na neamhdhaoine ann
nó go fiú má thig tochas ina ndeasóg nó
má éiríonn siad ar a gcois dheis,
nó má chuireann siad tús leis an bhliain agus scuab úr nua acu.

Na neamhdhaoine: clann mhac gan sinsir,
úinéirí gan seilbh.
Na neamhdhaoine: daoine gan iomrá,
daoine dí-iomráitithe ar brúdh a gcuimhne faoi chois,
ag rith mar a bheadh giorriacha ann, ag fáil bháis gan iomrá gan chlú,
iad faoi chrann smola agus faoi leatrom de shíor.



Ní hann dóibh fiú agus iad ann.
Ní bhíonn aon teangacha acu ach gibrisc chanúna
Ní bhíonn de chreideamh acu ach pisreoga,
Ní bhíonn ina gcuid ealaíne ach ceardaíocht.
Ní bhíonn de chultúr acu ach an béaloideas.
Ní daonnaithe iad ach acmhainní daonna.
Ní aithnítear a ngnúis ach aithnítear a lámha.
agus níl d'ainm orthu ach uimhreacha.
Ní fheictear iad sna leabhair mhóra staire
ach ar sna hailt faoi chúrsaí na bpóilíní ar na páipéir áitiúla.
Na neamhdhaoine, nach fiú tráithnín iad,
nach fiú iad na piléir a thugann a mbás.

# Troid gan stádas: an Bhriotáinis – le Fañch Bihan-Gallic

*Is mac léinn ón mBriotáin é Fañch atá i mbun máistreachta sa Léann Cheilteach in Ollscoil Dhún Éideann. Tá Gàidhlig na hAlban agus Gaeilge na hÉireann á bhfoghlaim aige ansin*.



Inniu tá stádas oifigiúil ag gach teanga Cheilteach bheo (An Bhreatnais, An Ghaeilge, An Ghàidhlig, An Choirnis agus An Ghaelg) ach teanga amháin: An Bhriotáinis. Is teanga Bhriotánach í an Bhriotáinis, is é sin le rá teanga atá cosúil leis an Bhreatnais nó an Choirnis. Tá timpeall 200,000 duine a bhfuil Briotáinis acu anois, ach tá 67% díobh níos sine na 60 bliana d'aois. Nuair a tháinig na Briotánaigh go hArmorica (sean-ainm na Briotáine) timpeall an 5ú chéad, labhraíodh Gallais (teanga Cheilteach eile nach maireann) ansin agus mheasc siad lena chéile. Mar sin, is í an Bhriotáinis an teanga Cheilteach dheireanach ar an Mhór-Roinn fosta. Bhí an chuid is mó de na Briotánaigh ag labhairt na teanga go dtí tús an 19ú chéid. Tar éis sin, le lárú an Stáit Fhrancaigh, tháinig brú ar an teanga. Bhí níos mó ná 1,000,000 duine ann i dtús an 20ú chéid a raibh sí acu.

Ba stát neamhspleách é an Bhriotáin go dtí 1532, nuair a bhí sé ceangailte leis an Fhrainc mar gheall ar cliseadh an Airm Bhriotánaigh in aghaidh na bhFrancach i 1488 (Cath Sant-Albin-an-Hiliber). Ach fiú mar thír chloíte, bhí féinriail ag an Bhriotáin agus choinnigh sí a gnásanna agus a parlaimint. Ach dhún an stát Francach nua a parlaimint le linn Réabhlóid na Fraince i 1789, gan é a cheadú leis na feisirí a bhí inti. Ach ó shin i leith, tá cuid de na Briotánaigh ag troid ar son an tír a shaoradh agus bíonn troid na teanga go minic ceangailte leis an troid pholaitiúil agus ar an aimsir seo bíonn páirtithe éagsúla ag troid ar son féinrialach (UDB, Breizhistance, Adsav agus Strollad Breizh), ach níl siad mór mar níl aithne ag na daoine orthu: ní bhíonn siad ar an teilifís nó sna meáin chumarsáide.

D’éirigh dearcadh na Fraince ní ba bhoige faoi dheireadh an 20ú chéid, agus mar sin d’éirigh leis na Briotánaigh scoileanna trí mheán a dteanga a oscailt. I 2014 bhí 15,840 dalta sna scoileanna dátheangacha, agus bíonn níos mó ann gach bliain. Ach bíonn níos lú seachadadh béil ann freisin. Agus níl an Fhrainc ag iarraidh stádas a thabhairt do theangacha dúchasacha na tíre. Tá ocht dteanga eile ann i stát na Fraince (an Bhriotáinis, an Elsasais, an Ocsatáinis, an Bhascais, an Phlatais, an Chorsaicis, an Phléimeannais agus an Chatalóinis), ach deir Bunreacht na Fraince “*La langue de la République est le français*” (“Is í an Fhraincis teanga na Poblachta”, airteagal 2) agus mar sin níl stádas ag na teangacha eile.


In ainneoin sin, tá sceitimíní ar lucht na Briotáinise agus tá suim mhór acu i

Ar Lean

stair agus cultúir na dtíortha ceilteacha eile. Bíonn go leor imeachtaí cultúrtha sa Bhriotáin agus sa lá atá inniu ann tá clú agus cáil ar *Emvod ar Gelted en Oriant* (Féile Idircheilteach Lorient). Is féidir le mic léinn in Ollscoil Roazhon (*Rennes*) Gaeilge a fhoghlaim, agus tá roinn den Léann Éireannach ann chomh maith.

Ní bhíonn eolas ag na Éireannaigh faoi chultúr na Briotáine, ach tá a lán rudaí i gcoitinn ag an dá thír, ó thaobh teanga, ceoil, staire nó traidisiúin de.

---



# Droichead na bpost – droichead gan déanamh

*Le Pól Ó Sniadhaigh*

Le fada ba í tuiscint na tíre seo 'an té nach bhfuil láidir ní foláir dó a bheith glic' ach i gcomhréir na haimsire seo is deacra ná riamh é don Ghaeilgeoir cliste sin. B'fheiliúnaí i bhfad dá gcoinníodh muid ag saothrú linn, le láí agus le speal – mar ansin ní bheadh muid inár gconstaic ag lucht an údaráis lena rogha 'dul chun cinn' a dhéanamh.




Ar ndóigh, ní maith le Misneach a bheith ag cáineadh, a bheith ag sciolladh ach fírinne an tsaoil amuigh ní bhíonn de rogha againn ach ceann a bhualadh ar na constaicí móra seo a chuirtear in aghaidh na nGaeilgeoirí lá ina dhiaidh lae. Seo chugaibh a chairde, go smaoinímis ar an gcás nua atá tar éis tite amach le seachtainí beaga anuas 'post' (mar dhea) a bhí fógraithe; 'intéirneacht' mar aistritheoir Gaeilge le Comhairle Chontae Phóirt Láirge.


Anois níl muidne chun an té a bhfuil an post aige a lochtú, ní bheadh sé sin ceart ná cóir ach is léiriú é an 'tairiscint poist' seo den ísliú céime, den imeallú, den beag is fiú atá á dhéanamh de lucht labhartha na Gaeilge sa lá atá inniu ann. Gan caoine a dhéanamh as, is creach é seo atá dár n-ionsaí leis na blianta. Mar phost sa gciall 'cheart', agus ní intéirneacht a bhí sa ról seo agus rólanna mar é tráth dá raibh, ina raibh meas léirithe don té a chaith dua ag foghlaim cheird an aistriúcháin. D'inseodh duine ar bith amuigh ann nach é an saothrú is easca é mar ní hamháin aistriúchán ó thaobh brí focla de ach aistriúchán cúltúir atá i gceist leis freisin, a fhreagraíonn do nádúrthacht úsáide na teanga. Anois, ar an bhfaraor is geall le hobair dheonach atá á déanamh den ard-scil seo mar níl lucht na hardchumhachta sásta luach na hardscile seo a íoc, sé sin luach an tsaothair seo a íoc agus tá muidne den tuairim nár cheart go mbeadh sé mar seo, mar an té a chleachtfadh an cheird chéanna sa mBéarla sa tír seo bí cinnte nach mar a chéile a chaithfí leis! ''Ach níl ann ach Gaeilge" is dóigh!

Gan aon cheist, is gné amháin í seo atá ag tabhairt dúshláin dúinn mar phobal, mar arís tógann sé an cheist cén dream lena mbaineann muid? I lár an phobail mar chuid agus mar bharr maise d'ardchultúr na tíre seo nó ar an imeall mar a bhí muid fágtha le tamall maith aimsire? Sé seo le rá, le bheith 'inár n-oibrithe aimsire' ag ócáidí móra, ag cuir i láthair fhoirmiúla, ag fáiltiú na n-uasal, bheith inár suaitheantas cultúrtha nuair a fheileann sé? Mar más é seo atá

Ar Lean

romhainn, is ionann sin go príomha agus a bheith fágtha mar a bhí riamh, imeallaithe, coimhthithe ag ardchumhacht na tíre seo nár mhaith leo áit de thábhacht nó de chumas a bheith againn mar b'ionann sin agus scéal a bheith ag an scéalaí, an faitíos roimh a d'fhéadfadh sé a dhéanamh nó a rá!

Agus is ar an bhfaitíos sin a chaithfidh muid an cluiche a imirt, ó thaobh na polaitíochta de agus ó thaobh baint amach sprice de mar **níl aon 'duine cúise' ag iarraidh go mbeidh an Ghaeilge nó muidne mar phobal lagaithe go leibhéal caitheamh aimsire ná do leibhéal ábhar scoile**. Mar sin, agus má tá rud amháin de chinnteacht ann is é go gcreideann an uile dhuine a léann é seo go bhfuil tábhacht sa rud a dtugann muid 'GAELACHAS' air dúinn ar fad. Bímís ag plé féidireachtaí, moltaí agus cén chaoi ar féidir an cás a leasú mar níor tógadh aon rud arbh fhiú tráithnín é i gcaitheamh oíche agus más plean cúig bliana dár láimh féin atá i gceist nárbh iontach an sprioc é dúinn mar phobal le go mbeadh feidhm linn mar ghluaiseacht? Mar feictear dúinn uilig nach n-oibríonn cáineadh, ach céard faoi mholtaí? – anois atá tú ag caint a deir tú ach, arís, céim ar chéim.



Gan amhras is ón mbarr anuas a dhéantar na cinntí sa tír seo, de neamhaird orainn go marbhchiúnas, rud a léiríonn gurb é an córas agus na daoine i gcúram na bpost mór atá ar nós cuma leo faoin nGaeilge agus faoin muintir atá ar a son. Ach anois ní hé sin an uile dhuine ach oiread, ach an té atá ar ár son, dár n-ionadaíocht i gcúrsaí polaitíochta na tíre seo an n-éistear leis ach oiread nó an mbreathnaítear in amhras air mar a bhreathnaítear orainn freisin? Faoi láthair is asal gan spréach atá i gcúrsaí Gaeilge ar leibhéal na hardchumhachta, óir is fúinne í é seo a athrú, na daoine cearta a chur sna háiteanna cearta. Bíodh gur fadhb í, níl fadhb ann nach bhfuil leigheas uirthi. Mar nach gcaithfidh muid cothrom na féinne a bhaint amach dúinn féin mar **an té nach bhfuil láidir ní foláir dó a bheith glic!! Bímis glic, imrímis an cluiche, tarraingímis plean**.

Masla atá ann dúinn uilig a shíltear nach fiú muid a íoc go cothrom mar aon le haon ardscil eile, agus sampla é an post a bhí fógraithe ag Comhairle Chontae Phoirt Láirge le tamall beag aimsire, ach níl ann ach sampla, a chairde, de chleas atá ar siúil i rith an ama. Úsáid mhícheart atá á baint as Droichead na bpost anseo leis an rialtas, cé a shocraíonn air seo? Ní mise, ní tusa geallaim air!

**Ní gá a rá cén ceann na hargóna lena mbaineann muidne. Arís, anois fúinn, rogha 'cac le claí agus gáire amach ar aghaidh' nó seasamh seasta na cosmhuintire?**

## Ar mhaith leat a bheith páirteach i Misneach?

Seol do theachtaireacht chuig ceann de na seoltaí ar dheis.

Is cuma cén cearn den domhan a bhfuil tú ann, thig le gach duine cuidiú leis an ghníomhaíocht atá ar bun againn.

Bí páirteach mar dhuine aonair, mar ghrúpa cairde, mar phobal. Bunaigh craobh i do cheantar áistiúil. Scríobh don iris. Déan graffiti. Glac seilbh ar do thodhchaí agus ar do shaol!

**bíodh MISNEACH agat!**

**<u>Sonraí Teagmhála le haghaidh MISNEACH:</u>**

**Gaillimh**: misneachnagaillimhe@gmail.com

misneach@socs.nuigalway.ie (cumann na hollscoile, Gaillimh)

misneachnagaillimhe.blogspot.ie

‘MisneachGaillimh’ (twitter)

‘Misneach na Gaillimhe’ (facebook)

**Béal Feirste**:

‘MisneachBhéalFeirste’ (twitter)

‘Misneach Bhéal Feirste’ (facebook)

**Baile Átha Cliath**:

misneachbac@gmail.com

**Cuntais náisiúnta**:

‘Misneach’ (Twitter)

‘Misneach’ (facebook)




“Múscail do Mhisneach” - teachtaireacht shoiléir ar na ballaí i gCathair na Gaillimhe ar na mallaibh.